# Tuarascáil Bhliantúil

**CÁS-STAIDÉIR**
**2024**





Coimisiún Cosanta Sonraí
Data Protection Commission




# Réamhrá

Is é misean an Choimisiúin um Chosaint Sonraí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an dlí cosanta sonraí a chur chun cinn trí chaidreamh, trí fhormhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú agus comhlíonadh a bhrú chun cinn tríd an reachtaíocht cosanta sonraí.

Aithníonn an Coimisiún gur ceann amháin de na colúin is tábhachtaí maidir leis an misean sin a bhaint amach is ea tacú le heagraíochtaí agus comhlíonadh a bhrú chun cinn. Chun an toradh sin a bhaint amach, tá rún daingean ag an gCoimisiún cás-staidéir a fhoilsiú ar conas a chuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm, conas a shainaithnítear neamhchomhlíonadh agus conas a fhorchuirtear bearta ceartaitheacha.

Leagtar amach sa doiciméad seo na cás-staidéir a cumhdaíodh le linn na bliana 2024, agus taispeántar ann an iarracht leanúnach a dhéanann an Coimisiún chun cur i bhfeidhm cuí an dlí cosanta sonraí a chur chun cinn.

*C-D Commissioner Dr. Des Hogan*
*and Commissioner Dale Sunderland*



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Iarrataí Rochtana** | **8** |
| Mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh rochtana | 9 |
| Rochtain a iarraidh ar thaifid liachta siblín éagtha | 9 |
| Diúltú d'Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí ó dhuine aonair nár chustaiméir é | 10 |
| Taifid ina raibh sonraí pearsanta a choimeád siar | 11 |
| Cuardach neamhiomlán eagraíochta mar fhreagra ar Iarraidh Rochtana | 12 |
| Faisnéis a fholú de bhun iarraidh rochtana | 13 |
| Sonraí a bhaineann le Feithicil a Iarraidh | 14 |
| Oibleagáidí an Rialaitheora Sonraí i gcomparáid le hOibleagáidí an Phróiseálaí Sonraí | 15 |
| **Cás-Staidéir Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí** | **16** |
| Cuntas Ríomhphoist Pearsanta a Úsáid ag an Obair | 17 |
| Margaíocht dhíreach | 18 |
| Tuismitheoir a bheith ag déanamh iarraidh léirscriosta do leanbh is aosach anois | 19 |
| Sonraí pearsanta a cheartú | 20 |
| **Cás-Staidéir ar Ionchúisimh** | **21** |
| Ionchúiseamh Pulse Gym, ag trádáil dó mar Energie Fitness Dublin 8 | 22 |
| Ionchúiseamh Supermac's Ireland Limited | 23 |
| Ionchúiseamh Google Ireland Limited | 24 |
| Ionchúiseamh Thérapie Clinic, ag trádáil dó mar Valterous Limited | 25 |
| **Cás-Staidéir ar Sháruithe** | **26** |
| Ionsaí Ríomhphoist Fioscaireachta san Earnáil Craolacháin | 27 |
| Sárú ar Stóráil Comhad Digiteach | 28 |
| Sonraí Pearsanta a Nochtadh de Thaisme ar Líne | 29 |



# Clár Ábhar

**TCI** **30**

TCI Baile 31

Mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh ar phíosaí scannáin TCI 32

TCI a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar limistéar feithimh gan bearta trédhearcachta leordhóthanacha 33

**Próiseáil** **34**

Sonraí catagóire speisialta de chuid fostaí a bheith á nochtadh ag a fhostóir do sholáthraí seirbhísí tríú páirtí, gan toiliú an fhostaí 35

Sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe gan toiliú 37

Comhroinnt iomarcach sonraí catagóire speisialta le tríú páirtí chun treoir a lorg thar ceann fostaí 38

Próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta fostaí óna chuntas ríomhphoist príobháideach agus ó ríomhphoist phríobháideacha chun críocha araíonachta 40

Sonraí sláinte ceirde a phróiseáil 42

**An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí** **43**

Iarraidh Rochtana faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí – Cearta agus Srianta 44

**An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad** **45**

Torthaí innill cuardaigh do chéadainm agus sloinne duine aonair 46

**Gearáin Trasteorann** **47**

Gearán Trasteorann maidir le hIarraidh Rochtana chuig Ardán Mór Meán Sóisialta 48

Gearán Trasteorann maidir le hIarraidh Díliostaithe 49

# Iarrataí Rochtana

*Le hAirteagal 15 RGCS, tugtar ceart do dhaoine aonair rochtain ar a bhfaisnéis phearsanta a iarraidh. Ba cheart d’aon eagraíocht a fhaigheann iarraidh den sórt sin an fhaisnéis a sholáthar don duine aonair ar bhealach tráthúil, leordhóthanach agus trédhearcach.*

# Mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh rochtana

Fuair an Coimisiún gearán maidir le duine aonair a rinne iarraidh rochtana faoi Airteagal 15 RGCS chuig ospidéal poiblí/stáit chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhí á sealbhú faoi. Bhí an freagra ón ospidéal fós amuigh tar éis níos mó ná mí amháin, cé gur tugadh le fios san fhaisnéis a tugadh don Choimisiún go raibh aird phráinneach le tabhairt ar an ní seo mar gheall ar shláinte an duine aonair.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Ghrúpa Ospidéal thar an teileafón agus tríd an ríomhphost chun é a chur ar an eolas faoi phráinn an ghearáin, agus d'iarr sé air freagra a thabhairt go pras d'ionadaithe an duine aonair, agus cóip d'fhaisnéis phearsanta an duine aonair á soláthar dóibh mar chuid den chaidreamh. Lean an t-ospidéal na treoracha ón gCoimisiún.

Cé gur admhaigh an t-ospidéal go bhfuarthas an iarraidh laistigh de mhí amháin tar éis í a fháil, ba tar éis idirghabháil ón gCoimisiún, agus tar éis na hidirghabhála sin amháin, a soláthraíodh don duine aonair na sonraí pearsanta a raibh sé ina dteideal.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT:**

Ceanglaítear ar eagraíochtaí bearta eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad in ann freagra a thabhairt ar aon iarrataí ar chearta a fheidhmiú laistigh de na creataí ama atá leagtha síos faoi RGCS. Níor cheart d'eagraíochtaí fanacht le hidirghabháil ón Rialálaí chun freagairt go pras d'iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí.

# Rochtain a iarraidh ar thaifid liachta siblín éagtha

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún chun a fhiafraí conas rochtain a fháil ar thaifid liachta a shiblín éagtha, a fuair bás go tragóideach mar naíonán cuid mhór blianta roimhe sin. Ós rud é gur éag an bheirt tuismitheoirí roinnt blianta ó shin freisin, ní raibh an duine aonair in ann faisnéis a fháil faoi na himthosca a bhí taobh thiar de bhás a shiblín.

Aithníonn an Coimisiún a íogaire atá fiosruithe den sórt seo agus, i ngach cás, freagraíonn sé dóibh le comhbhá agus le meas. Sa chás seo, cuireadh in iúl don duine aonair go bhfuil sonraí pearsanta sainmhínithe mar a leanas in Airteagal 4(1) RGCS: "aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (ábhar sonraí)". Mar sin féin, mar atá leagtha amach in Aithris 27 RGCS, níl feidhm ag an dlí cosanta sonraí maidir le sonraí pearsanta daoine éagtha. D'ainneoin chineál íogair an fhiosraithe a dúisíodh, agus cé go bhféadfadh an eagraíocht a roghnú na sonraí a bhí á n-iarraidh a eisiúint, chuir an Coimisiún in iúl, mar atá leagtha amach thuas, nach bhféadfadh sé iallach a chur ar an eagraíocht na sonraí a eisiúint toisc nach raibh aon oibleagáid ar an eagraíocht déanamh amhlaidh faoi RGCS.

Mar thoradh air sin, luaigh an Coimisiún nach bhféadfaí an dlí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm maidir leis an tsaincheist lena mbaineann agus, dá réir sin, nár tháinig na hábhair imní a tarraingíodh anuas faoi shainchúram an Choimisiúin. Ar an drochuair, d'fhág sé sin nach raibh an Oifig in ann cabhrú leis an duine aonair sa chás seo.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT:**

Beag beann ar a íogaire atá cásanna cosúil leis an gceann seo, tá oibleagáid ar an gCoimisiún a chur in iúl dóibh sin a tharraingíonn fiosrú anuas leis nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht cosanta sonraí ach "duine nádúrtha" agus nach dtugtar leis an dlí cosanta sonraí aon rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair éagtha. Tuigeann an Coimisiún an suaitheadh a ghabhann le nithe a bhaineann le gaolta éagtha, agus déanfaidh sé a dhícheall i gcónaí na fíorais, a mhéid a bhaineann siad le cosaint sonraí, a chur in iúl ar an mbealach is tuisceanaí is féidir agus é ag tabhairt freagra ar fhiosruithe den chineál seo.

# Diúltú d'Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí ó dhuine aonair nár chustaiméir é

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair i ndáil le hiarraidh rochtana a rinneadh chuig soláthraí seirbhíse Idirlín. Dar leis an duine aonair, chuir sé glao ar an gcuideachta maidir leis an bhféidearthacht a bhí ann seirbhísí leathanbhanda a athrú, agus mheas sé go raibh an leibhéal seirbhíse a fuair sé ón ngníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí míshásúil. Mar thoradh air sin, rinne sé iarraidh rochtana chun cóip a fháil dá shonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil ag an gcuideachta.

Sa fhreagra uaithi ar an iarraidh rochtana sin, d'iarr an chuideachta tuilleadh faisnéise ar an duine aonair, lenar áiríodh a uimhir chuntais. Dúirt an duine aonair leis an gcuideachta nach raibh sé in ann uimhir chuntais a sholáthar, toisc nár chustaiméir é, á rá nach raibh ann ach custaiméir féideartha a bhí ag fiosrú faoina sheirbhís leathanbhanda a athrú. Sa fhreagra uaithi, d'inis an chuideachta don duine aonair nach bhféadfadh sí an iarraidh rochtana a phróiseáil gan aon uimhir chuntais. Rinne an duine aonair gearán leis an gCoimisiún ansin.

Tar éis an gearán a fháil, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse Idirlín chun a shuí cén fáth nach bhféadfaí an iarraidh rochtana a phróiseáil gan aon uimhir chuntais agus freastal ar an iarraidh rochtana ón duine aonair.

Thug an chuideachta freagra pras don Choimisiún, agus í ag glacadh leis nár cheart don ghníomhaire a bhí ag déileáil leis an duine aonair a rá leis nach bhféadfadh an chuideachta an iarraidh rochtana a phróiseáil. Mhínigh sí freisin nár lean an gníomhaire sin an próiseas ceart le haghaidh déileáil le hiarrataí rochtana ó dhaoine nach custaiméirí iad, agus dúirt sí go gcuirfí oiliúint bhreise cosanta sonraí ar an ngníomhaire lena mbaineann. Sholáthair an chuideachta cóip dá shonraí pearsanta don duine aonair freisin. Cé go bhfuair sé cóip dá shonraí pearsanta, dheimhnigh an duine aonair nár réitíodh an ní ach amháin tar éis idirghabháil ón gCoimisiún.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Faoi Airteagal 15(3) RGCS, tá oibleagáid ar eagraíocht cóip a sholáthar de na sonraí pearsanta, is cuma cé acu is custaiméir de chuid na heagraíochta é/í an duine aonair nó nach ea. Léirítear sa chás ar leith seo an tábhacht a bhaineann le hoiliúint cosanta sonraí – oiliúint athnuachana san áireamh – a chur ar gach fostaí a dhéileálann le custaiméirí chun a chinntiú go seastar i ngach cás leis an gceart atá ag duine aonair rochtain a fháil ar a s(h)onraí pearsanta agus go soláthraíonn eagraíochtaí faisnéis chuí chruinn don phobal.

# Taifid ina raibh sonraí pearsanta a choimeád siar

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le taifid ina raibh sonraí pearsanta a bheith á gcoimeád siar mar fhreagra ar iarraidh rochtana. Rinne an duine aonair iarraidh rochtana chuig soláthraí seirbhíse airgeadais faoi Airteagal 15 RGCS, tar éis morgáiste an duine aonair a dhíol leis an eagraíocht sin.

Dúirt an eagraíocht go raibh sonraí pearsanta á gcoimeád siar ón gcustaiméir ar aon dul le halt 60(3)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018). Luaigh an eagraíocht "nach ionann doiciméid urrúsúcháin agus sonraí pearsanta [an ghearánaigh]".

Mhínigh an Coimisiún don eagraíocht an sainmhíniú atá ar shonraí pearsanta faoi Airteagal 4(1) RGCS. Mhínigh sé freisin di go dtarlódh sé, dá mbeadh sonraí pearsanta an duine aonair in aon cheann de na doiciméid luaite a bhí á gcoimeád siar, go mbeadh soiléiriú ag teastáil maidir leis an spleáchas ar na srianta a bhí á gcur i bhfeidhm. Fuair an Coimisiún freagra ón eagraíocht á dhearbhú nach raibh aon sonraí pearsanta sna doiciméid urrúsúcháin, agus tagairt bhreise á déanamh aici do "litir freagartha deiridh" a d'eisigh sí chuig an duine aonair. Ina dhiaidh sin, d'iarr an Coimisiún cóip den "litir freagartha deiridh" sin. D'iarr sé freisin liosta de na sonraí pearsanta a líomhnaíodh a bheith fós amuigh agus aon fhaisnéis eile faoi shuíomh aon taifead ina raibh sonraí pearsanta an duine aonair. D'iarr an Coimisiún ar an eagraíocht freisin breac-chuntas sonrach a thabhairt ar gach taifead ina raibh sonraí pearsanta a bhí á gcoimeád siar agus ar an mbunús reachtúil do dhéanamh amhlaidh.

Luaigh an eagraíocht ar dtús go raibh sí ag brath ar ailt 60(3) agus 60(7) d'Acht 2018 chun gan na doiciméid a eisiúint. D'fhiosraigh an Coimisiún a thuilleadh na srianta a bhí á gcur i bhfeidhm ag an eagraíocht. De bhun an chaidrimh sin, dheimhnigh an eagraíocht don Choimisiún nach mbeadh sí ag brath a thuilleadh ar aon chuid d'alt 60 d'Acht 2018 chun sonraí pearsanta an duine aonair a choimeád siar. I bhfianaise na hidirghabhála ón gCoimisiún, thug an eagraíocht don duine aonair a shonraí pearsanta ar cuireadh srian leo roimhe sin.

Tar éis na doiciméid sin a eisiúint, chuir an duine aonair in iúl go raibh sonraí pearsanta breise ann, agus d'iarr sé cóipeanna de ráitis mhorgáiste ó bhliain ar leith. D'fhiosraigh an Coimisiún é sin leis an eagraíocht, agus d'eisigh sí na sonraí pearsanta breise chuig an duine aonair ansin. Chinn an Coimisiún gur mhainnigh an eagraíocht freagra a thabhairt ar an iarraidh rochtana laistigh den chreat ama atá sonraithe faoi Airteagal 12(3) RGCS.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Ceanglaítear ar eagraíochtaí bearta eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad in ann freagra a thabhairt ar aon iarrataí ar chearta a fheidhmiú laistigh de na creataí ama atá leagtha síos faoi RGCS. Agus iad ag iarraidh brath ar shrian a chur i bhfeidhm chun rochtain ar shonraí pearsanta a choimeád siar, ní mór d'eagraíochtaí scrúdú críochnúil a dhéanamh ar a bhailí atá srianta den sórt sin chun a chinntiú nach gcoimeádtar sonraí pearsanta siar go mícheart.

# Cuardach neamhiomlán eagraíochta mar fhreagra ar Iarraidh Rochtana

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a chuir iarraidh rochtana faoi Airteagal 15 RGCS faoi bhráid cuideachta bainistíochta réadmhaoine. Bhí an duine aonair ag iarraidh rochtain a fháil ar aon sonraí pearsanta ar phróiseáil an eagraíocht faoi. Sa fhreagra uaithi, luaigh an eagraíocht go sainráite don duine aonair nár phróiseáil sí aon sonraí pearsanta i ndáil leis tráth a rinneadh an iarraidh rochtana ná tráth ar bith roimhe sin.

Le linn na céime measúnaithe, d'fhiafraigh an Coimisiún den duine aonair faoina chaidreamh leis an eagraíocht chun a shuí cé acu a bhí an eagraíocht ina "próiseálaí sonraí" nó ina "rialaitheoir sonraí" sa chás seo. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfreagra ón duine aonair agus ar na doiciméid tacaíochta a sholáthair sé, shuigh an Coimisiún gurbh ionann an chuideachta bainistíochta réadmhaoine agus an "rialaitheoir sonraí" cuí i ndáil leis an ngearán seo.

D'iarr an Coimisiún ar an eagraíocht mionsonraí breise a sholáthar faoi na cuardaigh a rinne sí chun aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine aonair a shainaithint. Sa fhreagra tosaigh uaithi, luaigh an eagraíocht go ndearna sí cuardach ar a 'córas' agus gurbh iad na haon sonraí pearsanta amháin a raibh sí in ann iad a shainaithint ná an iarraidh tosaigh a rinne an duine aonair. Cheistigh an Coimisiún na cuardaigh a rinneadh, agus d'iarr sé fianaise dhoiciméadach ar na hiarrachtaí a rinneadh chun sonraí pearsanta an duine aonair a aimsiú, lenar áiríodh iad sin a rinneadh i rannóga eile den eagraíocht.

Thug an eagraíocht breac-chuntas cuimsitheach ansin ar na cuardaigh a rinneadh, agus sholáthair sí an doiciméadacht tacaíochta ábhartha. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gcomhfhreagras sin, agus shainaithin sé ina dhiaidh sin trí thaifead ina raibh sonraí pearsanta an duine aonair (dhá shonrasc agus iontráil sonraí amháin ar chóras bogearraí), ar nithe iad nár soláthraíodh don duine aonair.

Tar éis tuilleadh caidrimh fhoirmiúil idir an Coimisiún agus an eagraíocht, soláthraíodh don duine aonair na trí dhoiciméad eile ina raibh a shonraí pearsanta.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Ceanglaítear ar eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil bearta eagraíochtúla iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad in ann freagra a thabhairt ar aon iarrataí ar chearta a fheidhmiú laistigh de na creataí ama atá leagtha síos faoi RGCS. Ceanglaítear orthu freisin a bheith in ann a thaispeáint don Choimisiún go ndearnadh cuardaigh leordhóthanacha chun aon taifid ina bhfuil sonraí pearsanta a próiseáladh a aimsiú.

# Faisnéis a fholú de bhun iarraidh rochtana

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a chuir iarraidh rochtana faoi Airteagal 15 RGCS faoi bhráid a iarfhostóra (eagraíocht sláinte poiblí), a sholáthair seirbhísí Tacaíochta Baile.

Thug an eagraíocht freagra ar an iarraidh rochtana laistigh den tréimhse reachtúil, is é sin mí amháin ón dáta a bhfuarthas an iarraidh. Agus í ag rá go ndearna sí dianiarracht an iarraidh rochtana a chomhlíonadh, chuir an eagraíocht in iúl don duine aonair sa fhreagra sin freisin go mbeadh sí ag iarraidh brath ar roinnt foluithe féideartha faoi Airteagal 15(4) RGCS. Sholáthair an eagraíocht don duine aonair roinnt píosaí sonraí pearsanta ina raibh foluithe.

*Foráiltear le hAirteagal 15(4) nár cheart don cheart atá ag duine aonair chun cóip a fháil de shonraí pearsanta atá á bpróiseáil dochar a dhéanamh do na cearta ná na saoirsí atá ag daoine eile.*

Chuir an duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil leis an ábhar imní a bhí aige maidir le spleáchas na heagraíochta ar Airteagal 15(4) RGCS. Thug an duine aonair le fios freisin go raibh imní air nár eisigh an eagraíocht na sonraí pearsanta uile.

Chuir an Coimisiún in iúl don eagraíocht gur ghá di, sula bhféachfadh sí le brath ar an díolúine sin, cleachtadh cothromúcháin ceart a dhéanamh chun ceart an duine aonair chun rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta a chothromú leis an riosca sainaitheanta a d'fhéadfadh a bheith ann don tríú páirtí mar thoradh ar an bhfaisnéis lena mbaineann a nochtadh. Faoi RGCS, ba cheart d'eagraíochtaí dianiarracht a dhéanamh an iarraidh a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus, an tráth céanna, cosaint leordhóthanach a chinntiú do chearta agus saoirsí daoine eile.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht, agus d'iarr sé uirthi na taifid sonraí pearsanta a ndearna sí athscrúdú orthu a eisiúint chuig an duine aonair. D'iarr an Coimisiún ar an eagraíocht freisin a dheimhniú don duine aonair nach raibh sí ag coimeád siar aon doiciméad eile ina raibh sonraí pearsanta a bhaineann leis.

Ina dhiaidh sin, sholáthair an eagraíocht don Choimisiún cóip den chomhfhreagras a sheol sí chuig an duine aonair, agus í ag deimhniú go raibh sí tar éis na taifid sonraí pearsanta a eisiúint i bhformáid a bhí folaithe go páirteach. Ba iad sin na sonraí a choimeád sí siar ar dtús. Dheimhnigh an eagraíocht don duine aonair freisin nár shealbhaigh sí aon taifid eile a bhaineann leis. Bhí an duine aonair sásta gur réitíodh na nithe uile ar bhealach dóthanach.

Tar éis na hidirghabhála ón gCoimisiún, dheimhnigh an eagraíocht don Choimisiún go ndearna sí athscrúdú ar na taifid a d'eisigh sí ar dtús i bhformáid a bhí folaithe go hiomlán. Dheimhnigh sí freisin gur eisigh sí codanna de na taifid ansin, agus í ag folú sonraí ar shonraí tríú páirtí iad.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

- I gcás go bhfuil ábhair imní ag eagraíocht faoin tionchar a bheadh ag iarraidh rochtana a chomhlíonadh, níor cheart di diúltú don fhaisnéis a sholáthar don duine aonair gan an rud eile a dhéanamh. Ina ionad sin, ba cheart di dianiarracht a dhéanamh an iarraidh rochtana a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus, an tráth céanna, cosaint leordhóthanach a chinntiú do chearta agus saoirsí daoine eile.
- Féadfaidh eagraíocht na hoibleagáidí atá uirthi faoin reachtaíocht cosanta sonraí a chomhlíonadh trí dhoiciméid a eisiúint i bhformáid fholaithe, de réir Airteagal 15(4) RGCS. Mar sin, is féidir go bhfaighidh duine aonair ábhar folaithe mar fhreagra ar iarraidh rochtana.

# Sonraí a bhaineann le Feithicil a Iarraidh

Tharraing duine aonair fiosrú anuas leis an gCoimisiún maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhí ina sheilbh ag garáiste agus inar mionsonraíodh stair feithicle atá faoi úinéireacht an duine aonair anois. Áiríodh leis an bhfaisnéis sin mionsonraí faoi dhamáistí a measúnaíodh, faoi dheisiúcháin a moladh, agus faoi thuairisc innealtóra a rinneadh ag deireadh bliana ar leith. Chuir an duine aonair iarraidh rochtana faoi Airteagal 15 RGCS faoi bhráid an gharáiste chun teacht ar na sonraí uile a bhaineann leis an bhfeithicil. Dhiúltaigh an garáiste don iarraidh. Ós rud é go raibh sé míshásta leis an bhfreagra a fuarthas ón ngaráiste, rinne an duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún chun a ábhair imní a chur in iúl.

Mar fhreagra air sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an iarraidh, agus sholáthair sé faisnéis ábhartha, á rá go bhfuil "sonraí pearsanta" sainmhínithe in Airteagal 4(1) RGCS mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Cé go bhféadfaí a mheas gur sonraí pearsanta é pláta clárúcháin feithicle, níor leis an duine aonair mar dhuine nádúrtha a bhain riocht na feithicle féin sular tháinig sí faoi úinéireacht an duine aonair. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún nach raibh aon fheidhm ag an dlí cosanta sonraí maidir leis an gcás seo. D'fhág sé sin nár tháinig na hábhair imní a tarraingíodh anuas faoi shainchúram an Choimisiúin.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

Cé gur leathan atá raon feidhme an tsainmhínithe ar shonraí pearsanta faoi RGCS, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an raon feidhme sin teoranta. Sa chás seo, níor ghá go measfaí gur sonraí pearsanta í faisnéis faoi riocht na feithicle sular tháinig sí faoi úinéireacht an duine aonair, toisc nach mbainfeadh an fhaisnéis sin le duine nádúrtha ar leith, amhail úinéir nua. D'fhág sé sin nár tháinig an iarraidh ón duine aonair sa chás ar leith seo faoi raon feidhme an dlí cosanta sonraí.

# Oibleagáidí an Rialaitheora Sonraí i gcomparáid le hOibleagáidí an Phróiseálaí Sonraí

Rinne duine aonair iarraidh rochtana faoi Airteagal 15 RGCS chuig eagraíocht ar chreid sé go raibh sí ag próiseáil a shonraí pearsanta. Tar éis an iarraidh sin a fháil, chuir an eagraíocht in iúl don duine aonair nárbh ionann í féin agus an rialaitheoir sonraí sa chás seo. Dúirt an eagraíocht leis an duine aonair gur chuir sí an iarraidh ar aghaidh chuig an rialaitheoir sonraí iarbhír i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá uirthi faoi Airteagal 28(3)(e) RGCS cuidiú "...leis an rialaitheoir, a mhéid is féidir, trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a bhaineann le comhlíonadh oibleagáid an rialaitheora iarrataí a fhreagairt maidir le feidhmiú chearta an ábhair sonraí". Ní raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra agus chuir sé gearán faoi bhráid an Choimisiúin.

D'iarr an Coimisiún fianaise dhoiciméadach ar an eagraíocht (an próiseálaí sonraí) lena dtacófaí leis an maíomh uaithi a rá nárbh ionann í féin agus an rialaitheoir sonraí sa chás seo. Sholáthair an eagraíocht don Choimisiún cóip de chomhaontú um chosaint sonraí, rud inar mionsonraíodh go sainráite gurbh ionann an eagraíocht agus an próiseálaí sonraí agus gurbh ionann an páirtí eile agus an rialaitheoir sonraí i ndáil leis na sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil sa chás seo. Leagadh amach go mion sa chomhaontú sin nár phróiseáil an eagraíocht aon sonraí pearsanta ach amháin ar threoir a fháil ón rialaitheoir sonraí. Scrúdaigh an Coimisiún an comhaontú sin, agus dhearbhaigh sé gurbh ionann an eagraíocht ar chuir an duine aonair an iarraidh rochtana faoina bráid agus an próiseálaí sonraí sa chás seo.

Ghlac an Coimisiún leis gurbh ionann an eagraíocht agus an próiseálaí sonraí do na sonraí pearsanta a iarradh sa chás seo agus gur chomhlíon sí a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 15 RGCS agus faoi Airteagal 28(3)(e) RGCS araon.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

- In amanna, beidh ar eagraíocht na seirbhísí de chuid fochonraitheora nó gníomhaire a fhostú chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a ceann. Tugtar "próiseálaí sonraí" ar ghníomhaire den sórt sin faoin dlí cosanta sonraí. I gcás go bhfostaíonn rialaitheoir sonraí na seirbhísí de chuid próiseálaí sonraí, ní mór dó bearta áirithe a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinneofar caighdeáin cosanta sonraí ar bun ar aon dul le hAirteagal 28(3) RGCS. Cé go bhféadfaidh eagraíochtaí a ngníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtí, ní fhéadfaidh siad a bhfreagracht ná a n-oibleagáidí faoi RGCS a sheachfhoinsiú.
- Roimh thús na ngníomhaíochtaí próiseála, ní mór do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí dul isteach i gcomhaontú i scríbhinn atá ina cheangal dlí chun a gcuid ról agus freagrachtaí faoi seach a shainiú i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí gnó. Is gnách go mbíonn aon chomhaontú den sórt sin i riocht conartha, agus ba cheart oibleagáidí an phróiseálaí sonraí a bheith leagtha amach ann ar an mbealach is mine is féidir.

# Cás-Staidéir Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

# Cuntas Ríomhphoist Pearsanta a Úsáid ag an Obair

Le linn athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh, tháinig eagraíocht san earnáil dheonach ar an eolas gur chuir iarfhostaí ríomhphoist agus ceangaltáin ar aghaidh óna chuntas ríomhphoist oibre chuig a chuntas ríomhphoist príobháideach agus é fostaithe ag an eagraíocht. Bhí sonraí pearsanta sna ríomhphoist sin, lenar áiríodh sonraí sláinte catagóire speisialta faoi Airteagal 9 RGCS a bhain le roinnt daoine aonair soghonta.

Rinne an Coimisiún caidreamh leis an eagraíocht chun bunchúis an tsáraithe seo a shuí agus chun a fháil amach cé na bearta a bhí i bhfeidhm ag an eagraíocht chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann a chosaint. Rinne an eagraíocht imscrúdú ansin, agus thug an t-iarfhostaí a fhocal di gur scriosadh na sonraí pearsanta a bhí i gceist, nár comhroinneadh iad riamh le haon tríú páirtithe, agus gur bhain sé úsáid as a chuntas ríomhphoist pearsanta ar mhaithe le caoithiúlacht in imthosca áirithe.

Chuaigh Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta i dteagmháil le Ceann TF na heagraíochta freisin chun a fháil amach an bhféadfaí aon bhearta teicniúla a chur chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh rud den sórt seo arís. Cuireadh na hábhair sonraí uile lena mbaineann ar an eolas faoin ní seo, agus dúradh leo go mbeadh an tOifigeach Cosanta Sonraí ar fáil dóibh chun cabhrú leo dá mbeadh aon fhiosruithe acu.

Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún, chuir an eagraíocht roinnt réiteach chun feidhme, idir réitigh theicniúla agus réitigh eagraíochtúla, chun a shocrú nach dtiocfadh an tsaincheist seo chun cinn arís. Sheol an eagraíocht feachtas feasachta freisin chun a mheabhrú do gach ball foirne, do gach oibrí deonach agus don Bhord Stiúrthóirí ar fad go bhfuil freagracht orthu sonraí pearsanta a choinneáil sábháilte agus príobháideach agus a chinntiú go gcomhlíontar Beartas Cosanta Sonraí na heagraíochta.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

- Ba cheart d'eagraíochtaí Beartas Cosanta Sonraí a bheith i bhfeidhm acu chun an phróiseáil sonraí pearsanta ar fad a dhéanann fostaithe nó oibrithe deonacha i gcomhlíonadh a ndualgas a chumhdach. Tá sé tábhachtach go mbeadh cur amach ag fostaithe ar an mbeartas sin.
- Ba cheart d'eagraíochtaí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu freisin le haghaidh rochtain ar shonraí fisiciúla agus leictreonacha a bhaint nuair a imíonn fostaí ón eagraíocht, chun a chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta slán go fóill.
- Ba cheart rialacha dochta a bheith i bhfeidhm lena gcuirtear toirmeasc iomlán ar fhostaithe comhfhreagras a bhaineann leis an obair a sheoladh chuig a gcuntas ríomhphoist pearsanta.

# Margaíocht dhíreach

Tharraing duine aonair fiosrú anuas leis an gCoimisiún maidir leis na cleachtais cumarsáide margaíochta a bhí ar bun ag aerlíne tar éis dó turas a thógáil leis an aerlíne sin. Tháinig an tsaincheist chun cinn nuair a fuair an duine aonair ríomhphost inar iarradh aiseolas ar thuras a thóg sé le déanaí, rud ar mheas sé gur ríomhphost margaíochta é. Rinne an duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún á rá nach bhféadfadh sé rogha díliostála a aimsiú sa chumarsáid sin.

Ar mhaithe leis an tsaincheist a réiteach, bhí ar an duine aonair dul go suíomh Gréasáin na haerlíne chun an rogha díliostála a aimsiú. Dhoiciméadaigh sé an próiseas sin trí sheat scáileáin a thógáil, rud a thug sé don Choimisiún mar cheangaltán. Ina theannta sin, dúirt an duine aonair nach raibh sé cinnte faoi cé acu a chláraigh nó nár chláraigh sé don chumarsáid sin, agus é ag rá go ndéanann sé iarracht gan toiliú le margaíocht neamh-inmhianaithe. D'iarr an duine aonair soiléiriú maidir le cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear ar eagraíochtaí nasc díliostála a chur ar áireamh i ríomhphoist nó i suirbhéanna nach mbaineann go díreach le seirbhís shonrach, amhail eitilt.

Sa fhreagra uaidh don duine aonair, chuir an Coimisiún in iúl gurb é an riail ghinearálta le haghaidh margaíocht dhíreach leictreonach faoi Rialachán 13 de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011) ná gur gá toiliú dearfach a fháil ón bhfaighteoir. Is féidir margaíocht dhíreach a shainmhíniú freisin mar chumarsáidí a bhfuil mar aidhm leo táirge nó seirbhís a chur chun cinn nó an faighteoir a spreagadh fiosruithe breise a dhéanamh. Shoiléirigh an Coimisiún freisin nach margaíocht dhíreach é comhfhreagras a sheoltar chun críocha faisnéise nó aiseolais agus chun na gcríoch sin amháin. Mar sin féin, dá mbeadh inneachar margaíochta sna cumarsáidí sin, d'fhéadfaí iad a aicmiú mar mhargaíocht dhíreach. Sa chás sin, bheadh sé riachtanach rogha díliostála a chur ar áireamh iontu.

Tar éis an teachtaireacht cumarsáide a athbhreithniú sa chás ar leith seo, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh aon inneachar margaíochta ar áireamh inti agus nach raibh an eagraíocht ach ag iarraidh aiseolas a fháil chun feabhas a chur ar an tseirbhís a thairgtear. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár mhargaíocht dhíreach ná sárú ar chearta cosanta sonraí í an chumarsáid seo.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le cleachtais shoiléire chumarsáide agus an gá atá ann go gcomhlíonfadh eagraíochtaí ceanglais na Rialachán um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a mhéid a bhaineann le toiliú agus le roghanna díliostála agus iad ag déanamh cumarsáid le custaiméirí. Is féidir eispéireas an duine aonair seo a úsáid chun a mheabhrú do chuideachtaí trédhearcacht agus inrochtaineacht a chinntiú ina gcumarsáidí uile.

# Tuismitheoir a bheith ag déanamh iarraidh léirscriosta do leanbh is aosach anois

Rinne carthanas teagmháil leis an gCoimisiún chun comhairle a iarraidh maidir le fiosrú a fuair sé ó thuismitheoir. Bhí an tuismitheoir ag fiafraí an bhféadfadh sé a iarraidh go léirscriosfaí sonraí pearsanta a linbh. Chuaigh na sonraí a bhí i gceist siar roinnt blianta nuair a bhí an leanbh ina mhionaoiseach. Is aosach é anois, áfach, agus bhí an tuismitheoir, a bhí mar chaomhnóir aige ag an am, ag iarraidh a fháil amach an bhféadfadh sé a iarraidh go fóill go léirscriosfaí na sonraí.

Mhínigh an Coimisiún don charthanas go bhfuil leanbh sainmhínithe faoi alt 29 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, mar dhuine aonair atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ós rud é go bhfuil an duine aonair os cionn 18 mbliana d'aois anois, meastar gur aosach é. Mar sin, tá cumas dlíthiúil iomlán aige a chearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart chun a iarraidh go léirscriosfaí a shonraí pearsanta.

Cé nach raibh an tuismitheoir in ann a iarraidh go díreach a thuilleadh go léirscriosfaí na sonraí thar ceann an duine aonair lena mbaineann, shoiléirigh an Coimisiún go bhféadfadh an duine aonair lena mbaineann a roghnú litir údaráis a thabhairt dá thuismitheoir. D'fhéadfaí an rogha sin a chur in iúl don duine aonair lena mbaineann agus dá thuismitheoir araon. Le litir údaráis den sórt sin, cheadófaí don tuismitheoir gníomhú thar a cheann maidir leis an iarraidh léirscriosta sonraí a dhéanamh. Mheabhraigh an Coimisiún don charthanas go bhfuil sé de fhreagracht air a fhíorú agus a chinntiú go bhfuil aon iarraidh den sórt sin bailí sna himthosca.

Ghabh an carthanas buíochas leis an gCoimisiún as an bhfreagra uaidh, agus dheimhnigh sé go gcomhroinnfeadh sé an fhaisnéis leis an duine aonair a rinne teagmháil leis ar dtús. A bhuí leis an treoir sin, cabhraíodh lena chinntiú go raibh tuiscint shoiléir ann ar chearta an duine aonair agus ar ról an charthanais araon, agus aitheantas á thabhairt an tráth céanna ar na castachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hiarrataí a láimhseáil ó thuismitheoirí le leanaí aosacha.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

San idirghníomhú seo, tarraingíodh aird ar an ról atá ag an gCoimisiún maidir le déileáil le fiosruithe beachta a bhaineann le cé a fhéadfaidh sonraí pearsanta a rochtain, leis an bhfreagracht atá ar an duine aonair a c(h)earta féin faoi RGCS a fheidhmiú, agus lena chuí atá sé go ndéanfadh sé/sí amhlaidh. A luaithe a bhaineann duine aonair 18 mbliana d'aois amach, faigheann sé/sí rialú iomlán ar a c(h)earta cosanta sonraí féin, lena n-áirítear an cumas chun a iarraidh go léirscriosfaí a s(h)onraí pearsanta. Féadfaidh tuismitheoirí nó caomhnóirí gníomhú thar a c(h)eann trí litir údaráis a thabhairt dóibh, agus is rud é sin ba cheart a chur in iúl don leanbh is aosach anois agus dá t(h)uismitheoir/c(h)aomhnóir araon. Is faoin eagraíocht lena mbaineann atá sé a fhíorú agus a chinntiú ar deireadh go bhfuil aon iarraidh den sórt sin bailí sna himthosca, chun a chinntiú nach nochtfar aon sonraí pearsanta go neamhdhleathach.

# Sonraí pearsanta a cheartú

D’eitil duine aonair le haerlíne chuig ceann scríbe san Eoraip. Cailleadh bagáiste an duine aonair agus é ag tógáil na heitilte fillte. Tar éis dó an tsaincheist a thuairisciú ag an aerfort, fuair sé duillín ‘bagáiste ar iarraidh’ ar a raibh ainm duine aonair eile ach ar a raibh mionsonraí cearta faoin mbagáiste a bhí ar iarraidh.

Chuir an duine aonair a ábhair imní in iúl go pras don aerlíne, agus é ag iarraidh teacht ar réiteach chun a chinntiú go ndéanfaí a bhagáiste a rianú agus a shainaithint i gceart. Beag beann ar iarrachtaí an chustaiméara, áfach, ní raibh an aerlíne in ann an tsaincheist a réiteach go sásúil, agus dhiúltaigh sí ticéad nua a eisiúint chun an t-ainm ceart a léiriú ar an duillín bagáiste. Mar thoradh air sin, chinn an duine aonair an ní a ghéarú a thuilleadh trí ghearán a chomhdú leis an gCoimisiún.

Mar fhreagra air sin, rinne an Coimisiún idirchaidreamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na haerlíne chun an taifeadadh mícheart sonraí pearsanta a phlé. Leag an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá láimhseáil sonraí cruinne agus ar na himpleachtaí a bhíonn ag earráidí sonraí ar eispéiris an chustaiméara. Tríd an idirghabháil sin, d’oibrigh an tOifigeach Cosanta Sonraí go tapa chun an scéal a chur ina cheart, á chinntiú go bhfuair an duine aonair duillín nuashonraithe bagáiste ar a raibh an t-ainm ceart.

Bhí an duillín nuashonraithe sin ríthábhachtach don duine aonair seo toisc gur chuir sé ar a chumas éileamh a chomhdú lena sholáthraí árachais i leith an bhagáiste chaillte. Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le cleachtais éifeachtacha bhainistíochta sonraí, agus is féidir é a úsáid chun a mheabhrú d’eagraíochtaí tús áite a thabhairt do choimeád taifead cruinn agus do sheirbhís fhreagrúil do chustaiméirí, go háirithe i gcora a bhaineann le giuirléidí pearsanta.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

Léirítear sa chás seo an dóigh ar féidir le míchruinnis sonraí pearsanta a bheith ina gcúis le míshástacht shuntasach do chustaiméirí, rud a spreagann dóibh gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún ansin. Léirítear go soiléir ann freisin an ról atá ag údaráis cosanta sonraí maidir le cabhrú le teacht ar réiteach ar bhealach tapa, mar aon leis an nasc a bhíonn ann go minic idir fadhbanna seirbhíse do chustaiméirí agus gearáin cosanta sonraí a dhéanamh leis an gCoimisiún.

# Cás-Staidéir ar Ionchúisimh

# Ionchúiseamh Pulse Gym, ag trádáil dó mar Energie Fitness Dublin 8

I mí Dheireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra ó dhuine aonair maidir le teachtaireachtaí margaíochta SMS gan iarraidh a fuarthas ó Pulse Gym, ag trádáil dó mar Energie Fitness Dublin 8. Seoladh imscrúdú ansin, ar lena linn a mhínigh Pulse Gym gur tharla sé, nuair a chláraigh aon duine mar bhall ar líne, gur aontaigh an duine sin le téarmaí agus coinníollacha Pulse Gym. Áiríodh leis na téarmaí agus coinníollacha sin tagairt do thoiliú a thabhairt le hábhair mhargaíochta a fháil trí mheán leictreonach.

Cé gur iarr an Coimisiún cóip den toiliú dá dtagraítear faoi Airteagal 7 RGCS, ní raibh Pulse Gym in ann cóip den sórt sin a sholáthar. Chuir an Coimisiún in iúl gur gá toiliú le margaíocht a bheith sonrach, feasach agus gan athbhrí agus a bheith tugtha faoi shaoirse agus nár cheadmhach do Pulse Gym toiliú le próiseáil sonraí pearsanta daoine aonair a "chuachadh" chun críocha eile.

Le linn an imscrúdaithe, dheimhnigh Pulse Gym freisin nár éirigh leis an duine aonair rogha an diúltaithe a fheidhmiú toisc go raibh locht ann ar bhogearraí an tsoláthraí seirbhíse.

Eisíodh rabhadh chuig Pulse Gym roimhe sin tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán den chineál céanna i mí Iúil 2023. Mar chuid den rabhadh sin, chuir an Coimisiún Pulse Gym ar an eolas faoi na ceanglais atá air a chinntiú nach bhfuil ina liosta seachadta ach mionsonraí na ndaoine aonair sin a thoiligh go sainráite le cumarsáidí margaíochta a fháil agus a chinntiú go bhfuil daoine in ann rogha an diúltaithe a fheidhmiú agus go n-urramaítear iarrataí rogha an diúltaithe. Tar éis an gearán eile seo a fháil i mí Dheireadh Fómhair 2023, áfach, ba léir nár cuireadh chun feidhme na hathruithe uile a sainaithníodh sa litir rabhaidh ón gCoimisiún. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh sa chás seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 27 Bealtaine 2024, phléadáil Pulse Gym ciontach i gcúiseamh amháin i dteachtaireachtaí margaíochta SMS gan iarraidh a sheoladh faoi Rialachán 13 de I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011. In ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh, chuir an Breitheamh Halpin an tAcht Promhaidh i bhfeidhm, agus tugadh ordú don chuideachta síntiús €700 a thabhairt do Little Flower Penny Dinners, ar carthanas é, agus costais dlí an Choimisiúin a íoc ina n-iomláine.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtarlaíonn sé, nuair a iarrtar toiliú chun críocha margaíochta, go bhfuil an toiliú sin indibhidiúlaithe, go bhfuil sé indealaithe go soiléir ó chineálacha eile toilithe, agus nach bhfuil sé "cuachta" isteach le hiarrataí eile ar thoiliú le gníomhaíochtaí próiseála sonraí. Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú freisin go bhfuil a nósanna imeachta um rogha an diúltaithe ag obair i gceart agus go dtástáiltear go tráthrialta iad ar mhaithe lena bhfeidhmiúlacht a chinntiú.

# Ionchúiseamh Supermac's Ireland Limited

I mí Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair á líomhain go bhfuair sé teachtaireachtaí margaíochta SMS gan iarraidh ó Supermac's Ireland Limited. Sheol an Coimisiún imscrúdú ansin, ar lena linn a mhínigh Supermac's Ireland Limited gur chláraigh an duine aonair dá chóras ordaithe ar líne sa bhliain 2018 agus gur chuir sé tic ag an am sin leis an mbosca le haghaidh cumarsáidí margaíochta SMS agus ríomhphoist a fháil. Rinne an duine aonair ordú ar líne ina dhiaidh sin sa bhliain 2023, agus cuireadh le liosta margaíochta gníomhaí é chun críocha cumarsáidí SMS.

D'iarr an Coimisiún go mbainfí mionsonraí an duine aonair den liosta margaíochta gníomhaí i mí Lúnasa 2023. Dheimhnigh Supermac's Ireland Limited don Choimisiún ansin gur baineadh an duine aonair go rathúil dá liosta margaíochta. Rinne an duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún an athuair i mí Dheireadh Fómhair 2023, áfach, chun a rá leis go bhfuair sé cumarsáidí margaíochta SMS sa bhreis ó Supermac's Ireland Limited, cé gur thug sé a fhocal gur baineadh an duine aonair de liostaí margaíochta. Tar éis an ní a imscrúdú a thuilleadh, chuir Supermac's Ireland in iúl don Choimisiún nár baineadh uimhir theileafóin an duine aonair i gceart mar gheall ar earráid theicniúil a rinne a fhochonraitheoir.

Suíodh san imscrúdú a rinne an Coimisiún ar an ngearán seo nach raibh toiliú bailí ag Supermac's Ireland Limited chun cumarsáidí margaíochta leictreonaí a sheoladh chuig an duine aonair lena mbaineann. Ós rud é gur eisigh an Coimisiún rabhadh chuig an gcuideachta i mí Feabhra 2023 maidir le gearán roimhe, chinn an Coimisiún an cás a ionchúiseamh.

Os comhair an Bhreithimh Fahy i gCúirt Dúiche na Gaillimhe an 3 Meán Fómhair 2024, phléadáil Supermac's Ireland Limited ciontach i gcúig chúiseamh i dteachtaireachtaí margaíochta SMS gan iarraidh a sheoladh faoi Rialachán 13(7) agus faoi Rialachán 13(13)(a)(i) de I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011. In ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh, d'ordaigh Cúirt Dúiche na Gaillimhe don chuideachta ranníocaíocht €3,500 a dhéanamh le Clann Shíomóin, Gaillimh, agus le COPE Galway. Ceanglaíodh ar an gcuideachta costais dlí an Choimisiúin a íoc freisin.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le liostaí margaíochta a chothabháil de réir sainroghanna pearsanta custaiméirí. Is ar an rialaitheoir sonraí atá an fhreagracht deiridh as na sonraí pearsanta a phróiseálann sé/sí, fiú amháin i gcás go n-úsáideann sé/sí próiseálaithe tríú páirtí, amhail an fochonraitheoir a úsáideadh sa chás seo. Ní mór d'eagraíochtaí córais éifeachtacha a chur chun feidhme chun iarrataí rogha an diúltaithe a bhainistiú, agus ní mór dóibh a shocrú nach leanfar le cumarsáidí leictreonacha gan iarraidh a sheoladh.

# Ionchúiseamh Google Ireland Limited

I mí na Samhna 2023, fuair an Coimisiún fógra ó dhuine aonair á líomhain go bhfuair sé cumarsáidí margaíochta gan iarraidh thar an teileafón ó Google Ireland Limited. Fuair an duine aonair lena mbaineann trí ghlao teileafóin ar leith laistigh de thréimhse ceithre huaire an chloig ó ionadaithe díolacháin a bhí ag gníomhú thar ceann Google Ireland Limited. Sheol an Coimisiún imscrúdú ansin, ar lena linn a dheimhnigh Google Ireland Limited gur thug conraitheoir tríú páirtí dá chuid neamhaird ar an iarraidh a rinne an duine aonair roimhe sin chun diúltú do chumarsáidí margaíochta. Ba mar thoradh ar an neamhaird sin a cuireadh roinnt glaonna ar an duine aonair.

D'eisigh an Coimisiún rabhadh chuig Google Ireland Limited roimhe sin i mí Iúil 2023 maidir le glaonna teileafóin gan iarraidh a cuireadh gan toiliú ar an duine aonair céanna. Mar chuid den rabhadh sin, tugadh fógra do Google Ireland Limited go bhféadfaí é a ionchúiseamh dá bhfaigheadh an duine aonair aon ghlaonna teileafóin eile.

Sháraigh Google Ireland Limited na rialacha lena rialaítear glaonna margaíochta teileafóin gan iarraidh, toisc gur lean an chuideachta le glaonna margaíochta teileafóin a chur ar an duine aonair tar éis dó a thoiliú a tharraingt siar go sainráite.

Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 25 Deireadh Fómhair 2024, phléadáil Google Ireland Limited ciontach in dhá chúiseamh i nglaonna margaíochta teileafóin gan iarraidh a chur faoi Rialachán 13 de I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011. In ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh, d'ordaigh Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath don chuideachta ranníocaíocht €1,500 a dhéanamh le Little Flower Penny Dinners, ar carthanas é, agus costais dlí an Choimisiúin a íoc.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear sa chás seo an tábhacht a bhaineann le hiarrataí rogha an diúltaithe a bhainistiú go héifeachtach. Ceanglaítear toiliú sainráite a fháil chun gníomhaíochtaí margaíochta dírí leictreonaí a sheoladh, lena n-áirítear glaonna margaíochta teileafóin. I gcás go mainníonn conraitheoir atá ag gníomhú thar ceann cuideachta beartais chorparáideacha agus nósanna imeachta corparáideacha a chomhlíonadh (e.g., glaonna gan iarraidh a chur ar dhuine a dhíliostáil agus a roghnaigh gan cumarsáidí den sórt sin a fháil), is ar an rialaitheoir sonraí atá an fhreagracht deiridh.

# Ionchúiseamh Thérapie Clinic, ag trádáil dó mar Valterous Limited

I mí Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra ó dhuine aonair á líomhain go bhfuair sé cumarsáid ríomhphoist gan iarraidh ó Thérapie Clinic. Sholáthair an duine aonair don Choimisiún cóip dá shainroghanna pearsanta margaíochta agus cóip de chumarsáid ríomhphoist gan iarraidh.

Tar éis an ní a imscrúdú a thuilleadh, dheimhnigh Thérapie Clinic don Choimisiún go raibh an gearánach ina chliant dá chuid agus nár thug sé aon toiliú le cumarsáidí margaíochta a fháil. Rinne Thérapie Clinic imscrúdú inmheánach ansin, ina bhfuarthas amach gur sheol ball foirne i gceann amháin dá chlinicí an teachtaireacht ríomhphoist lena mbaineann de láimh.

Níor theachtaireacht chórasghinte é an ríomhphost. Dá bhrí sin, níor cuireadh aon sásra um rogha an diúltaithe ar áireamh sa chumarsáid. Mar sin, fuair an duine aonair ríomhphost margaíochta gan iarraidh gan aon rogha a bheith aige diúltú do theachtaireachtaí margaíochta eile a fháil. Ós rud é gur eisigh an Coimisiún rabhadh chuig Thérapie Clinic i mí Feabhra 2023 maidir le gearán roimhe, chinn an Coimisiún ionchúiseamh a dhéanamh de bhun an ghearáin seo.

An 25 Deireadh Fómhair 2024, ionchúisíodh Thérapie Clinic i leith ríomhphoist gan iarraidh a sheoladh chuig custaiméir a dhiúltaigh do chumarsáidí margaíochta a fháil roimhe sin. Cinneadh gur sháraigh an chuideachta Rialachán 13(12)(c) agus Rialachán 13(13)(a)(i) de I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011. In ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh, d'ordaigh Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath don chuideachta síntiús €325 a thabhairt do Little Flower Penny Dinners, ar carthanas é, agus costais dlí an Choimisiúin a íoc.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear go soiléir sa chás seo gur gá d'eagraíochtaí a gcuid beartas agus nósanna imeachta a chur in iúl go héifeachtach dá mbaill foirne go léir. Ní mór do chuideachtaí a chinntiú go bhfuil tuiscint iomlán ag baill foirne faoi na himpleachtaí a ghabhann le gníomhaíochtaí margaíochta ad hoc a dhéanamh lasmuigh d'fheidhmchláir agus córais mhargaíochta na cuideachta. Ní mór sainroghanna pearsanta daoine aonair a urramú agus, a luaithe a roghnaíonn duine aonair gan cumarsáidí a fháil, níor cheart aon chumarsáidí margaíochta leictreonaí eile a sheoladh chuig an duine aonair sin.

# Cás-Staidéir ar Sháruithe

# Ionsaí Ríomhphoist Fioscaireachta san Earnáil Craolacháin

Thug eagraíocht a oibríonn san earnáil craolacháin fógra don Choimisiún faoi shárú sonraí a bhain le fostaí a d'fhreagair do ríomhphost fioscaireachta. Sa ríomhphost sin, a airbheartaíodh a bheith ina fhógra le haghaidh folúntas inmheánach, iarradh ar an bhfostaí a dhintiúir ardáin stórála ríomhphost agus sonraí a chur isteach, mar aon lena Leid Fíordheimhniúcháin Ilfhachtóra. Tar éis an fhaisnéis sin a fháil ón bhfostaí, bhí an drochghníomhaí a sheol an ríomhphost fioscaireachta in ann rochtain a fháil ar chuntas ardáin stórála ríomhphost agus sonraí an fhostaí lena mbaineann.

Áiríodh leis na catagóirí sonraí pearsanta a bhféadfadh an drochghníomhaí rochtain a fháil orthu ainmneacha, seoltaí ríomhphoist, grianghraif/físeáin, sonraí airgeadais, agus sonraí catagóire speisialta (sonraí sláinte). Áiríodh leis na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh fostaithe laistigh den eagraíocht agus teagmhálaithe tríú páirtí a chuaigh i dteagmháil leis an gcraoltóir.

Tháinig an eagraíocht ar an eolas faoin sárú nuair a thuairiscigh an fostaí fadhbanna le logáil isteach ina ardán stórála ríomhphost agus sonraí. Cé gur díchumasaíodh an cuntas a ndearnadh fioscaireacht air go huathoibríoch tar éis 17 nóiméad le córais braite fioscaireachta na heagraíochta, rinneadh foireann inmheánach TF na heagraíochta an cuntas a athghníomhachtú de láimh ansin de bhotún. Léiríodh in athbhreithniú láimhe ar logaí iniúchta go ndearnadh roinnt iarrachtaí amhrasacha chun logáil isteach ó roinnt láithreacha éagsúla. Dá réir sin, athshocraíodh an cuntas, agus cuireadh cosc buan ar an drochghníomhaí logáil isteach ann.

Mheabhraigh an Coimisiún don eagraíocht na hoibleagáidí atá uirthi mar rialaitheoir sonraí. Ina dhiaidh sin, chuir an eagraíocht bearta coisctheacha chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh sárú den sórt seo arís. Áiríodh leis na bearta sin scagairí turscair/fioscaireachta a chur i bhfeidhm, a mheabhrú do na baill foirne uile a bheith cúramach agus iad ag oscailt ríomhphoist sheachtracha, tuilleadh cleachtaí oiliúna agus feasachta foirne a sheoladh, agus treoirlínte nua a eisiúint maidir le cuntais úsáideora atá ar fionraí a athghníomhachtú.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Ba cheart d'eagraíochtaí a bheith ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le bearta coisctheacha a úsáid i gcoinne sáruithe sonraí arb é atá iontu bearta teicniúla (brath fioscaireachta, scagairí turscair/fioscaireachta) agus bearta eagraíochtúla (oiliúint/feasacht foirne, ionsaithe ionsamhlaithe fioscaireachta), agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar na bearta sin agus a sheiceáil go bhfuil siad fós oiriúnach don fheidhm.

# Sárú ar Stóráil Comhad Digiteach

Thuairiscigh institiúid tríú leibhéal sárú sonraí don Choimisiún maidir le stóráil deimhnithe dochtúra mac léinn do chúrsa ar leith. Tháinig mac léinn amháin ar dheimhnithe dochtúra a bhain le mic léinn eile agus é ag iarraidh a dheimhniú féin a uaslódáil chuig Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na hinstitiúide. Thug an institiúid fógra don Oifigeach Cosanta Sonraí faoi sin láithreach, agus bhain a rannóg TF na comhaid sin den chóras.

Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfógra agus, i bhfianaise chineál na sonraí catagóire speisialta (sonraí sláinte) a bhí i gceist, d'iarr sé tuilleadh faisnéise ar an eagraíocht. Tar éis don eagraíocht imscrúdú a dhéanamh ar an ní, suíodh gurbh í earráid an duine a bhí taobh thiar de mhíchumraíocht ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama, rud a d'fhág gur taispeánadh deimhnithe dochtúra do ghrúpa mac léinn, seachas do chomhordaitheoir/léachtóir an chúrsa agus don duine sin amháin.

Mheas an eagraíocht ar dtús go raibh ardriosca ag baint leis an sárú. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí sáraithe agus ar na rioscaí a bhí ann do chearta agus saoirsí na ndaoine aonair a ndearnadh difear dóibh, áfach, measadh nach raibh an riosca chomh hard céanna. Agus cur chuige an-chúramach á ghlacadh aici, chinn an eagraíocht na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas faoin sárú.

Chun a shocrú nach dtiocfadh cás den sórt seo chun cinn arís, d'eisigh an institiúid ríomhphost chuig gach ball foirne chun a mheabhrú dóibh gan an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama a úsáid le haghaidh sonraí pearsanta a chur isteach. Chuir an institiúid teachtaireachtaí leis an ardán Timpeallachta Fíorúla Foghlama freisin chun na hoibleagáidí cosanta sonraí atá orthu agus an córas á úsáid acu a mheabhrú do bhaill foirne agus do mhic léinn araon.

Rinne an eagraíocht caidreamh le soláthraí na Timpeallachta Fíorúla Foghlama chun bearta a thabhairt isteach chun a chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta a stóráil agus a phróiseáil go slán agus go gcumraítear socruithe slándála go cuí.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Agus leas á bhaint acu as córais lena gceanglaítear ar dhuine aonair sonraí pearsanta amhail deimhnithe dochtúra a uaslódáil, ba cheart d'eagraíochtaí a bheith eolach ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go ndéantar na sonraí a fháil, a rochtain agus a phróiseáil go slán. Ba cheart aon ghnéithe slándála atá ar fáil a chumrú go cuí, agus ba cheart d'úsáideoirí an chórais a bheith láneolach ar a bhfuil riachtanach. Níor cheart ach sonraí pearsanta atá riachtanach a uaslódáil. Is féidir le heagraíochtaí an méid sin a chinntiú trí theachtaireachtaí soiléire agus trí oiliúint.

# Sonraí Pearsanta a Nochtadh de Thaisme ar Líne

Thuairiscigh institiúid tríú leibhéal sárú sonraí don Choimisiún maidir le suirbhé a rinne sí ar iarmhic léinn. Gach bliain, rinneadh suirbhé ar mhic léinn a bhain céim amach le déanaí chun sonraí a bhailiú faoina gcuid staidéir breise agus faoina gcuid fostaíochta. Úsáideadh na sonraí sin ansin chun tuarascáil a fhoilsiú ar thorthaí céimithe. Rinneadh na staitisticí achoimre, nach raibh anaithnidithe sa chás seo agus ina raibh sonraí pearsanta, a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na hinstitiúide.

Agus é ag caitheamh súil ar na tuarascálacha don bhliain 2023, thug duine den phobal faoi deara go raibh sé in ann amharc ar shonraí pearsanta na bhfreagraithe suirbhé trí dheaschliceáil ar na táblaí, agus tharraing sé aird na hinstitiúide air sin. Áiríodh leis na sonraí sin ainm, faisnéis tuarastail, agus mionsonraí faoi obair nó faoi staidéar breise. Bhain an institiúid tríú leibhéal den suíomh Gréasáin an tuarascáil sin agus tuarascálacha eile a bhí ar fáil go seachtrach agus ar measadh go bhféadfadh an fhadhb chéanna a bheith ag baint leo. Chomh maith leis sin, d'iarr an institiúid tríú leibhéal dearbhuithe ar an duine aonair a d'aimsigh an tacar sonraí nach ndearna sé na sonraí pearsanta a shábháil ná a chomhroinnt.

Mar chuid den imscrúdú ar an sárú seo, chuir an institiúid in iúl don Choimisiún gur tugadh córas nua le haghaidh tuarascálacha a tháirgeadh isteach sa bhliain 2022 agus gurbh í an easpa cur amach ar an gcóras nua sin a bhí taobh thiar de na sonraí a bheith á bhfoilsiú i bhformáid neamh-anaithnidithe. Chun laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh an tsaincheist seo arís, rinne an institiúid athbhreithniú ar a próisis inmheánacha le haghaidh tuarascálacha a ghiniúint, agus rinne sí idirchaidreamh lena foirne inmheánacha TF chun a chinntiú go bhfuil bearta teicneolaíocha cuí i bhfeidhm anois.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Nuair a roghnaíonn eagraíochtaí aon staitisticí a fhoilsiú ar shuíomhanna Gréasáin, ní mór dóibh a chinntiú nach bhfuil aon sonraí pearsanta sna staitisticí sin ach amháin i gcás go bhfuil bunús dleathach soiléir ann do na sonraí sin a phróiseáil. Is féidir é sin a dhéanamh trí shonraí a chomhiomlánú, a anaithnidiú nó a fholú. Ceanglaítear ar eagraíochtaí a chinntiú nach dtaispeántar aon sonraí pearsanta neamhúdaraithe go poiblí gan bunús dleathach.

TCI

# TCI Baile

Le linn na bliana 2024, fuair an Coimisiún 157 ngearán ó dhaoine aonair maidir le feistí taifeadta a úsáid, mar shampla córais TCI baile agus cloigíní dorais cliste a bheith á n-úsáid ag daoine aonair príobháideacha chun a dteach agus a réadmhaoin a chosaint.

Le linn dó gearáin den sórt sin a scrúdú, féachann an Coimisiún ar cé acu a thagann nó nach dtagann an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar leis na feistí sin faoi raon feidhme RGCS. Is amhlaidh atá mar gheall ar an díolúine tís atá ann faoi Airteagal 2(2)(c) RGCS, rud a bhfuil feidhm aige i gcás go bpróiseálann duine nádúrtha sonraí pearsanta agus nach ndéanann sé/sí amhlaidh ach amháin le linn gníomhaíocht phearsanta nó tís.  Ó thaobh TCI agus cloigíní dorais cliste de, ciallaíonn sé sin gur dóigh go mbeidh feidhm ag an díolúine tís i bhformhór na gcásanna fad a ghabhtar na híomhánna laistigh de theorainn theach an duine aonair agus nach n-úsáidtear iad ach amháin chun críocha pearsanta. Mar sin féin, i gcás go n-oibrítear feiste chun íomhánna a ghabháil de dhaoine lasmuigh de theorainn an tí (i spásanna poiblí nó i réadmhaoin chomharsanach), níl daoine aonair in ann leas a bhaint as an díolúine tís a thuilleadh. Sna himthosca sin, ní mór don oibritheoir ceamara athrú a dhéanamh ar an dóigh a ngabhtar íomhánna leis an bhfeiste chun na híomhánna a theorannú d'áiteanna laistigh dá réadmhaoin féin agus do na háiteanna sin amháin nó ní mór dó/di an dlí cosanta sonraí agus na hoibleagáidí atá air/uirthi mar rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh.

Ceann amháin de na gearáin ar scrúdaigh an Coimisiún iad sa bhliain 2024 ba ea gearán ó dhuine aonair á líomhain go raibh a chomharsa ag baint úsáid as an gcóras TCI ar fad, agus roinnt ceamaraí éagsúla i gceist leis, chun a shonraí pearsanta a ghabháil. Rinne an Coimisiún teagmháil leis an oibritheoir ceamara ansin, a sholáthair píosaí scannáin ón gcóras TCI dó. Le linn na píosaí scannáin a soláthraíodh don Choimisiún a scrúdú, tugadh faoi deara go raibh roinnt de na ceamaraí á n-úsáid chun limistéir lasmuigh de theorainn theach an oibritheora féin a ghabháil agus gur bhréagcheamaraí iad na ceamaraí eile.  Rinne an Coimisiún caidreamh leis an oibritheoir chun na feistí ábhartha a chur i gcomhréir leis an díolúine tís.

Bhí an gearánach sa chás seo fós míshásta, agus d'iarr sé mionsonraí breise faoi na ceamaraí ar an gCoimisiún. D'inis an Coimisiún don duine aonair ansin nach bhféadfadh sé aon fhaisnéis eile a thabhairt fad a bhí na ceamaraí á n-oibriú laistigh de pharaiméadair na díolúine tís agus/nó fad a bhí siad ina mbréagcheamaraí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi TCI baile a aimsiú ag:

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

- Má tá córas TCI baile á oibriú agat, ba cheart duit a chinntiú nach bhfuil tú ag gabháil aon chosán poiblí ná aon bhóthar poiblí. Níor cheart do cheamaraí a bheith in ann amharc ar thithe ná gairdíní comharsan in aon imthosca.
- Má tá feidhm ag an díolúine tís maidir le ceamaraí TCI baile a oibriú, ní mheastar gur rialaitheoirí sonraí iad na hoibritheoirí chun críocha RGCS. Dá réir sin, níl aon ról le himirt ag an gCoimisiún in imthosca den sórt sin. I gcás go bhfuil ábhair imní acu faoi chóras TCI a gcomharsan, molann an Coimisiún do dhaoine aonair dul i dteagmháil go díreach leis an gcomharsa féin ar dtús, ionas gur féidir teacht ar réiteach sásúil.
- Mar gheall ar chineál na gcóras TCI baile, agus mar gheall ar an leas a d'fhéadfaí a bhaint as na forálacha de RGCS agus as aon díolúintí faoin dlí cosanta sonraí ina leith, ceanglaítear ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar imthosca ar leith gach cáis aonair a láimhseálann sé.
- I gcás go bhfuil córas TCI baile á oibriú i gcomhréir leis an díolúine tís, ní nochtfaidh an Coimisiún mionsonraí an chórais sin d'aon ghearánach, toisc nach gcuirfí RGCS i bhfeidhm i gcás den sórt sin agus go bhféadfadh aon nochtadh den sórt sin slándáil an oibritheora TCI baile a chur i mbaol.

# Mainneachtain freagra a thabhairt ar iarraidh ar phíosaí scannáin TCI

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a rinne iarraidh rochtana chuig cuideachta iompair. D'iarr an duine aonair cóip de phíosaí scannáin TCI de thimpiste a bhí aige le ceann amháin de bhusanna na cuideachta iompair. Ní bhfuair an duine aonair aon fhreagra ar an iarraidh sin.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don chuideachta iompair, agus chuir sé é ar an eolas faoin ngearán.

Mheabhraigh an Coimisiún don chuideachta iompair na hoibleagáidí atá air faoi RGCS, agus a haird á tarraingt ar Airteagal 12(3) RGCS, ina sonraítear go bhfuil oibleagáid ar eagraíochtaí freagra a thabhairt ar iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí ó dhuine aonair laistigh den chreat ama reachtúil. Mar chuid den chaidreamh, leag an Coimisiún amlíne síos inar ghá don chuideachta iompair freagra a thabhairt don duine aonair agus cóip de na píosaí scannáin TCI a sholáthar dó. Chomhlíon an chuideachta iompair an t-ordú ón gCoimisiún, agus dheimhnigh an duine aonair go bhfuair sé na sonraí pearsanta a iarradh.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

- Ba cheart d'eagraíochtaí a bheith ar an eolas gur sonraí pearsanta chun críocha an dlí cosanta sonraí iad píosaí scannáin agus íomhánna a ghabhtar le córais TCI agus ina bhfuil daoine aonair in-sainaitheanta.
- Is féidir tuilleadh faisnéise faoin ábhar seo a aimsiú ag: *TCI Baile*
- Ceanglaítear ar eagraíochtaí bearta eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad in ann freagra a thabhairt ar aon iarrataí ar chearta a fheidhmiú laistigh de na creataí ama atá leagtha síos faoi RGCS.

# TCI a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar limistéar feithimh gan bearta trédhearcachta leordhóthanacha

Bhí duine aonair fostaithe i gclinic liachta, a bhain leas as píosaí scannáin TCI den seomra feithimh chun amanna feithimh othar a mheasúnú. Le linn don chlinic liachta na píosaí scannáin TCI a athbhreithniú i láthair an fhostaí, fuair an fostaí amach gur taifeadadh a íomhá leis an gcóras TCI ar fud a fhostaíochta ar fad gan é a bheith ar an eolas faoi sin. Rinne an duine aonair iarracht an tsaincheist a réiteach leis an gclinic liachta, ach ní raibh sé sásta ar deireadh leis an bhfreagra a fuair sé. Rinne sé gearán leis an gCoimisiún ansin.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gclinic liachta chun a fhiafraí de cén bunús dlí a bhí aige do shonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbealach seo. Thug an clinic liachta le fios go raibh beartas TCI i bhfeidhm aige sular thosaigh an duine aonair ag obair leis agus go raibh sé mar chuspóir leis an gcóras TCI sláinte agus sábháilteacht a chuid ball foirne agus cliant a chinntiú. D'iarr an Coimisiún cóip den bheartas TCI agus, le linn dó an beartas a athbhreithniú, thug sé faoi deara gur dréachtaíodh an beartas roimh thabhairt isteach RGCS agus nár tugadh é cothrom le dáta ó shin i leith.

Trí chaidreamh a dhéanamh leis an duine aonair, shuigh an Coimisiún nár cuireadh an duine aonair ar an eolas go raibh TCI i bhfeidhm i gcónaí, lenar áiríodh sna limistéir inar oibrigh sé, nuair a chuaigh sé isteach sa chlinic den chéad uair. Bhí comhartha beag amháin ann ar dhoras isteach an chlinic á rá go raibh TCI i bhfeidhm, ach níor sonraíodh air go raibh na ceamaraí TCI ag taifeadadh laistigh d'fhoirgneamh an chlinic.

Le linn don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, ghlac an clinic liachta bearta chun srian a chur le taifeadadh ag an gcóras ionas nach mbeadh sé i bhfeidhm le linn uaireanta gnó a thuilleadh.

Sa chás seo, chinn an Coimisiún nár thug an clinic liachta bunús dleathach bailí faoi Airteagal 6 RGCS don chineál faireacháin seo. Níor chomhlíon an clinic liachta na hoibleagáidí trédhearcachta atá air faoi Airteagal 13 RGCS ach oiread, toisc nár chuir sé in iúl do dhaoine aonair tráth ar bith go bpróiseálfaí a sonraí pearsanta leis an gcóras TCI, trína n-íomhá a thaifeadadh, le linn dóibh a bheith sa chlinic.

Mar gheall ar an srian deonach a chuir an clinic liachta leis na ceamaraí TCI ionas nach n-oibreodh siad ach amháin lasmuigh d'uaireanta gnó, rinne an Coimisiún caidreamh leis an gclinic liachta chun moltaí agus treoir a thabhairt dó maidir le húsáid TCI. De bhun an chaidrimh sin, mhéadaigh an clinic liachta méid agus líon na gcomharthaí lena gcuirtear baill foirne agus othair ar an eolas faoi úsáid TCI agus faoi mhionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí i gcomhlíonadh a oibleagáidí.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

- Tá ríthábhacht ag baint le cothroime agus le trédhearcacht maidir le beartais chuí phríobháideachta agus nósanna imeachta cuí príobháideachta a chur chun feidhme. Mar riail ghinearálta, ba cheart do dhaoine a bheith ar an eolas go bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí.
- Bearta simplí trínar féidir gearáin den sórt seo a sheachaint is ea comharthaí cuí a chur in airde maidir le húsáid TCI agus a chinntiú go dtugtar cóip den bheartas reatha TCI do bhaill foirne.

# Próiseáil

# Sonraí catagóire speisialta de chuid fostaí a bheith á nochtadh ag a fhostóir do sholáthraí seirbhísí tríú páirtí, gan toiliú an fhostaí

Chuir duine aonair iarraidh rochtana faoi bhráid a fhostóra, ar fiontar beag agus meánmhéide é a sholáthraíonn seirbhísí gnólacht le gnólacht. Mar gheall ar an doiciméadacht a sholáthair an eagraíocht don duine aonair mar fhreagra ar an iarraidh, chuir an duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin á líomhain go ndearna an eagraíocht a shonraí pearsanta, lenar áiríodh sonraí catagóire speisialta, a nochtadh go neamhdhleathach do thríú páirtí, ar Soláthraí Seirbhísí Acmhainní Daonna (soláthraí Acmhainní Daonna) é.

Le linn dó an fhaisnéis a soláthraíodh a scrúdú, ba léir don Choimisiún gur fhostaigh an eagraíocht soláthraí acmhainní daonna chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhain bulaíochta a rinne an duine aonair i gcoinne comhoibrí. Sholáthair an eagraíocht catagóirí éagsúla de shonraí pearsanta an duine aonair don soláthraí acmhainní daonna. Áiríodh leo sin mionsonraí teagmhála pearsanta an duine aonair, sonraí liachta an duine aonair agus litir inar deimhníodh feidhmiúlacht an duine aonair chun páirt a ghlacadh san imscrúdú ar an mbulaíocht líomhnaithe.

Sholáthair an duine aonair fianaise don Choimisiún lenar cruthaíodh gur iarr sé ar an eagraíocht gan a shonraí pearsanta a nochtadh do thríú páirtí, agus mhaígh sé nár insíodh dó gur soláthraíodh a shonraí pearsanta don tríú páirtí.

Mar chuid den scrúdú ar an ngearán, d'fhéach an Coimisiún lena shuí cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach bailí ag an eagraíocht do shonraí pearsanta agus sonraí catagóire speisialta an duine aonair a nochtadh don soláthraí acmhainní daonna ar aon dul le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 9 RGCS. D'fhéach an Coimisiún lena shuí freisin cé acu a bhí nó nach raibh na sonraí pearsanta a nochtadh don soláthraí acmhainní daonna ábhartha agus teoranta don mhéid ba ghá maidir leis na críocha dá ndearnadh iad a phróiseáil, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí faoi Airteagal 5(1)(c) RGCS.

Sna freagraí a thug sí don Choimisiún, ba chosúil go raibh an eagraíocht ag brath ar Airteagal 6(1)(b) (conradh), ar Airteagal 6(1)(c) (oibleagáid dhlíthiúil) agus ar Airteagal 6(1)(f) (leasanna dlisteanacha) RGCS mar bhunúis dhleathacha do shonraí pearsanta an duine aonair a nochtadh don soláthraí acmhainní daonna.

Luaigh an eagraíocht go raibh cúiseanna dlisteanacha aici leis na sonraí pearsanta agus na sonraí liachta a sholáthar don soláthraí acmhainní daonna faoi théarmaí chonradh fostaíochta an duine aonair agus gur thoiligh an duine aonair le páirt a ghlacadh san imscrúdú ar an mbulaíocht líomhnaithe. Luaigh an eagraíocht freisin gur iarr an soláthraí acmhainní daonna uirthi litir dochtúra a fháil ón duine aonair chun a dheimhniú go mbeadh an duine aonair feidhmiúil chun páirt a ghlacadh san imscrúdú ar an mbulaíocht líomhnaithe.

Ghlac an Coimisiún leis go mbeadh sé riachtanach catagóirí áirithe de shonraí pearsanta an duine aonair a sholáthar don soláthraí acmhainní daonna faoi théarmaí a chonartha fostaíochta, ar aon dul le hAirteagal 6(1)(b) RGCS. Mar sin féin, mhainnigh an eagraíocht sainaithint a dhéanamh ar an oibleagáid dhlíthiúil ar luaigh sí go raibh sí le brath uirthi faoi Airteagal 6(1)(c) RGCS mar bhunús dleathach do na sonraí pearsanta a phróiseáil. Mhainnigh an eagraíocht freisin fianaise a sholáthar á léiriú go ndearna sí tástáil cothromúcháin faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS sular sholáthair sí sonraí pearsanta an duine aonair don soláthraí acmhainní daonna. Ina theannta sin, mhainnigh an eagraíocht sainaithint a dhéanamh ar bhunús dleathach do shonraí liachta an duine aonair a nochtadh faoi Airteagal 9 RGCS.

Rinne an Coimisiún tuilleadh caidrimh leis an eagraíocht chun a chinntiú go mbeadh sí eolach as seo amach ar na hoibleagáidí atá uirthi faoi RGCS i ndáil leis na bunúis dhleathacha don phróiseáil.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

Molann an Coimisiún d'eagraíochtaí gan sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin nuair is gá agus chun na críche luaite atá leis an bpróiseáil.

Maidir leis sin, ní mór d'eagraíocht a bheith in ann a thaispeáint don Choimisiún gur féidir léi an fhaisnéis ábhartha a sholáthar a theastaíonn ón gCoimisiún chun a chinneadh go bhfuil na bunúis dhleathacha shainaitheanta faoi Airteagal 6 RGCS oiriúnach don phróiseáil sonraí pearsanta atá i gceist. Ní mór d'eagraíochtaí bunús dleathach a sholáthar freisin chun sonraí catagóire speisialta a phróiseáil faoi Airteagal 9 RGCS.

# Sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe gan toiliú

Bhí airgead dlite do dhuine aonair ó eastát duine éagtha. Scríobh an duine aonair chuig an ngnólacht dlí a bhí ag déanamh ionadaíocht d'eastát an duine éagtha chun a chur in iúl dó nach raibh aon spéis aige a thuilleadh san airgead a bhí dlite dó a shaothrú. Chomhroinn an gnólacht dlí an litir sin ansin le tríú páirtithe – na seiceadóirí agus tairbhithe eile an eastáit. Tháinig an duine aonair ar an eolas gur comhroinneadh cóip dá litir, agus rinne sé teagmháil leis an ngnólacht dlí chun a fhiafraí cén fáth ar comhroinneadh an litir gan a thoiliú. Dúirt an gnólacht dlí leis gur tharla sé, toisc gur scríobh an duine aonair go deonach chuige chun aon éileamh ar an eastát a dhiúltú, gur ghlac sé leis go raibh toiliú an duine aonair aige chun an litir a chomhroinnt le tríú páirtithe chun éileamh éagtha an duine aonair ar an eastát a nochtadh. Thug sé le fios freisin gur thug an duine aonair a thoiliú lena shonraí pearsanta a bheith á gcomhroinnt le tríú páirtithe, lenar áiríodh ainm agus seoladh an duine aonair agus an litir féin. Ní raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra sin, agus rinne sé gearán leis an gCoimisiún.

D'iarr an Coimisiún ar an ngnólacht dlí breac-chuntas a thabhairt ar an mbunús dleathach faoinar chomhroinn sé litir an duine aonair le tríú páirtithe. D'fhreagair sé gur chomhroinn sé an litir mar chuid dá chonradh chun eastát an duine éagtha a riar. Mhaígh an gnólacht dlí gur scríobh an duine aonair an litir go deonach agus, dá bhrí sin, go ndearna sé talamh slán de go raibh toiliú aige le sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil, toisc go raibh na sonraí sin mar chuid de na héilimh ar an eastát. Mhaígh an gnólacht dlí freisin go raibh sé ag gníomhú ar mhaithe le leas an duine aonair nuair a chuir sé in iúl do na tríú páirtithe nach raibh aon bhaint ag an duine aonair sin leis an gcás a thuilleadh.

Faoi Airteagal 7(1) RGCS, is amhlaidh, agus iad ag brath ar thoiliú mar bhunús dleathach do shonraí pearsanta a phróiseáil, nach mór do rialaitheoirí sonraí a bheith in ann a thaispeáint gur thug an t-ábhar sonraí toiliú trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach a rinneadh faoi shaoirse, gan athbhrí agus ar bhealach sonrach agus feasach (de réir Airteagal 4(11) RGCS). Ní raibh an gnólacht dlí in ann a thaispeáint go bhfuair sé toiliú an duine aonair lena shonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbealach atá tuairiscithe.

Rinne an Coimisiún tuilleadh caidrimh leis an ngnólacht dlí chun a chinntiú go mbeadh sé eolach as seo amach ar na hoibleagáidí atá air faoi RGCS i ndáil leis na bunúis dhleathacha don phróiseáil. Sa chás seo, ba leor don ghnólacht dlí a insint dá chliaint agus do thríú páirtithe eile gur ghéill an duine aonair a éileamh. Ní raibh sé riachtanach, mar sin, an comhfhreagras féin a chomhroinnt.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Faoi RGCS, ní mór toiliú bailí a bheith tugtha faoi shaoirse agus ní mór é a bheith sonrach, feasach agus gan athbhrí. Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go dtuigeann daoine aonair go soiléir cé na nithe a bhfuil siad ag toiliú leo agus gur féidir leo a dtoiliú a tharraingt siar tráth ar bith. Léirítear sa chás-staidéar seo an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht agus cuntasacht le linn sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil. Is féidir le sásraí neamhchomhlíontacha toilithe iarmhairtí a bheith acu do chlú na heagraíochta. Is féidir leo iarmhairtí rialála a bheith acu freisin.

# Comhroinnt iomarcach sonraí catagóire speisialta le tríú páirtí chun treoir a lorg thar ceann fostaí

Chuir duine aonair doiciméadacht liachta faoi bhráid oifigeach míchumais a fhostóra chun socruithe réasúnacha a iarraidh lena dtacófaí leis a chuid oibre a dhéanamh laistigh d'eagraíocht earnála poiblí. Ba é an t-oifigeach míchumais an pointe teagmhála lárnach agus an soláthraí seirbhíse do gach ball foirne faoi mhíchumas a bhí ag obair don eagraíocht, agus bhí cúis ag an duine aonair le teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach míchumais ó am go chéile le linn a chuid fostaíochta.

Le linn cruinniú ar leith leis an oifigeach míchumais, phléigh an duine aonair a shláinte agus sonraí pearsanta eile a bhain lena airgeadas agus lena imthosca teaghlaigh. Labhair sé freisin faoina ábhair imní maidir leis na roghanna a bheadh ar fáil dó dá mba rud é nach mbeadh sé in ann leanúint de bheith ag obair. Fuair an duine aonair amach ina dhiaidh sin gur sheol an t-oifigeach míchumais ríomhphost maidir leis an gcruinniú sin ansin chuig eintiteas ar leith a thugann tacaíocht agus cúnamh d'fhostaithe ar fud roinnt eagraíochtaí den chineál céanna. Áiríodh leis an ríomhphost sin sonraí pearsanta an duine aonair agus mionsonraí faoi na nithe ar nocht an duine aonair iad le linn an chruinnithe agus é ag iarraidh comhairle a fháil ón oifigeach míchumais. Bhí iontas ar an duine aonair a fháil amach cá mhéad faisnéise a comhroinneadh leis an tríú páirtí gan a thoiliú.

Tar éis gearán a fháil ón duine aonair, d'iarr an Coimisiún ar an eagraíocht earnála poiblí a shainaithint cé na bunúis dhleathacha a bhí aici do shonraí pearsanta an duine aonair a chomhroinnt leis an tríú páirtí. Sa fhreagra uaithi, dúirt an eagraíocht earnála poiblí gurbh ionann an tríú páirtí ar chomhroinn sí sonraí pearsanta an duine aonair léi agus seirbhís cúnaimh d'fhostaithe a thugann tacaíocht d'fhostaithe ar raon topaicí difriúla. D'áitigh sí gur faoi Airteagal 6(1)(d) agus faoi Airteagal 9(2)(c) RGCS a próiseáladh na sonraí pearsanta, lenar áiríodh sonraí catagóire speisialta. Is é sin le rá gur ghá "an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí a chosaint", toisc gur comhroinneadh na sonraí pearsanta leis an tríú páirtí chun treoir a lorg maidir le conas is fearr is féidir tacú leis an duine aonair.

Is é atá i gceist le “leasanna ríthábhachtacha” ná cora inbhraite beatha agus báis ina bhfuil an bheatha i gcontúirt láithreach nó i ngarchontúirt. Agus iad ag iarraidh brath ar an mbunús dleathach sin don phróiseáil, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí an chontúirt sin a mheasúnú ar bhonn cás ar chás. Níl feidhm ag an mbunús dleathach sin maidir le próiseáil a dhéantar ar mhaithe le leas meántéarmach nó fadtéarmach an ábhair sonraí. Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta de chuid an duine aonair a comhroinneadh, ba léir go raibh an méid faisnéise a comhroinneadh iomarcach maidir leis an gcríoch ar chuici a comhroinneadh í.

Fiú amháin i gcás go bhfuil siad ag gníomhú ar mhaithe le leas an ábhair sonraí, meabhraítear do rialaitheoirí sonraí go bhfuil oibleagáid orthu bearta breisithe a dhéanamh ó thaobh slándála agus rúndachta de i ngach cás ina bhfuil siad ag próiseáil sonraí catagóire speisialta. Ní bheidh sé bailí leasanna ríthábhachtacha a úsáid mar bhunús dleathach ach amháin i gcás gur ann do bhagairt láithreach inléirithe don bheatha. Ní raibh aon bhagairt den sórt sin ann sa chás seo.

Sa chás seo, mheas an eagraíocht earnála poiblí ar dtús go raibh an chomhroinnt sonraí pearsanta seo le soláthraí seirbhíse tríú páirtí chun an chomhairle is fearr a thabhairt don duine aonair ag teacht leis na críocha bunaidh ar chucu a próiseáladh iad. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a comhroinneadh, áfach, ghlac an eagraíocht earnála poiblí leis gur chomhroinn sí méid iomarcach sonraí pearsanta neamhfholaithe chun a críocha a bhaint amach. D’fhéadfaí an chríoch chéanna a bhaint amach trí thuairisc anaithnidithe a thabhairt ar imthosca an duine aonair, gan aon ghá le sonraí pearsanta ná sonraí catagóire speisialta an duine aonair a chomhroinnt.

Ina theannta sin, níor sholáthair an eagraíocht earnála poiblí aon fhianaise á léiriú gur cuireadh an duine aonair ar an eolas ag an am go bhféadfaí a shonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe chun comhairle a fháil uathu thar a cheann. Ag teacht sna sála ar an scrúdú a rinne an Coimisiún ar an ngearán seo, rinne an eagraíocht earnála poiblí athbhreithniú ar a fógraí faisnéise seirbhíse míchumais ar mhaithe lena ceanglais trédhearcachta a chomhlíonadh, agus shocraigh sí oiliúint chuí do bhaill foirne chun a chinntiú nach dtarlódh aon chomhroinnt neamhriachtanach eile den chineál seo sa todhchaí.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

- Meabhraítear do rialaitheoirí sonraí gur gá dóibh bunús dleathach bailí a bheith acu chun sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe. I gcás go bhfuil siad ag comhroinnt sonraí chun críocha comhoiriúnacha eile, meabhraítear do rialaitheoirí sonraí gur ann do thástáil comhoiriúnachta lena gcabhrófar lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an phróiseáil bheartaithe i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu.

- Agus tú ag smaoineamh faoi thuilleadh próiseála a dhéanamh, is fiú a fhiafraí díot féin an úsáidfidh d’eagraíocht na sonraí ar shlí a mbeifí na daoine a sholáthair na sonraí sin ag súil léi. Ba cheart an cheist sin a bheith ar an gcéad cheist i do thástáil comhoiriúnachta. I gcás go bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh, ba cheart coimircí a thógáil isteach sna sreafaí sonraí chun a chinntiú go dtugtar tús áite d’íoslaghdú sonraí.

- I gcás go n-úsáidtear toiliú mar bhunús dleathach do shonraí pearsanta a phróiseáil, meabhraítear do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go gcuirtear in iúl go soiléir do dhaoine aonair go bhféadfaí a sonraí pearsanta a chomhroinnt le soláthraithe tríú páirtí. Is gá do rialaitheoirí sonraí an méid sin a chur in iúl sula bpróiseálann siad na sonraí pearsanta sin trí iad a chomhroinnt.

# Próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta fostaí óna chuntas ríomhphoist príobháideach agus ó ríomhphoist phríobháideacha chun críocha araíonachta

Bhí beirt fostaithe ag eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do bhunscoileanna. Nuair a shroich sé an obair lá amháin, chonaic duine aonair go raibh a chuntas ríomhphoist pearsanta ar oscailt ar ríomhaire comhroinnte. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, foirceannadh fostaíocht an duine aonair sin de bhun imeachtaí araíonachta. Le linn na n-imeachtaí, taispeánadh don duine aonair cóipeanna clóite de roinnt ríomhphost óna chuntas ríomhphoist pearsanta féin. Briseadh an dara duine aonair as a phost freisin. Ba léir gur fhostaigh an eagraíocht tríú páirtí chun na himeachtaí araíonachta a láimhseáil agus gur tugadh cóip de ríomhphoist a sheol an bheirt aonair chuig a chéile don tríú páirtí sin.

Ba é an chúis a tugadh leis an bhfoirceannadh ná go raibh an bheirt fhostaithe ag plé plean gnó a d'fhágfadh go mbeadh siad san iomaíocht lena bhfostóir sa todhchaí. Fuair an fostóir rochtain ar na ríomhphoist, agus chlóigh sé iad. Rinne an bheirt aonair iarrataí rochtana freisin. Tar éis na n-imeachtaí araíonachta, agus tar éis an bheirt a bhriseadh as a bpost, rinne na daoine aonair a ngearáin faoi seach leis an gCoimisiún.  Luadh sa dá ghearán gur próiseáladh a sonraí pearsanta ó na malartuithe ríomhphoist eatarthu a aimsíodh sa chuntas ríomhphoist pearsanta a d'fhág duine aonair amháin díobh ar oscailt ar an ríomhaire rochtana comhroinnte. Luadh iontu freisin gur próiseáladh na sonraí sin ansin chun nósanna imeachta araíonachta a sheoladh, ar dá ndeasca a foirceannadh fostaíocht na beirte ball foirne.

Chuir an Coimisiún tús le scrúduithe comhuaineacha ar leith ar na gearáin trí iarraidh ar an eagraíocht a rá cén bunús dleathach a bhí aici do phróiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta de chuid na ndaoine aonair a fuarthas ón gcuntas ríomhphoist pearsanta agus ó ríomhphoist phearsanta. Sa fhreagra uaithi, dúirt an eagraíocht gur tharla sé, nuair a bhí sí ag cuardach faisnéis

cliaint sa chuntas ríomhphoist, gur thug sí faoi deara gur chuntas ríomhphoist pearsanta é. Thug sí faoi deara freisin go raibh plé ann idir an bheirt fhostaithe maidir le gnólacht a bhunú a bheadh san iomaíocht léi. Mhaígh an eagraíocht gur phróiseáil sí sonraí pearsanta na ndaoine aonair ar mhaithe le leas dlisteanach sa mhéid is go raibh sí ag déanamh iarracht an gnólacht agus a fostaithe eile a chosaint. Mhaígh an eagraíocht freisin gur phróiseáil sí na sonraí pearsanta go dleathach, toisc gur thoiligh na daoine aonair le próiseáil a sonraí pearsanta uile. D'áitigh sí gur tugadh an toiliú sin nuair a tugadh cóip d'fhógra príobháideachta na cuideachta do na daoine aonair, rud inar cuireadh in iúl dóibh go bpróiseálfadh sí a sonraí pearsanta (gach trealamh agus sócmhainn TF san áireamh), agus go raibh an méid sin soiléir ina gconarthaí sínithe fostaíochta.

Maidir leis an spleáchas ar chonarthaí fostaíochta agus ar bheartas agus fógra príobháideachta na cuideachta chun a léiriú gur thug na daoine aonair toiliú don chuideachta a sonraí pearsanta a úsáid, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh toiliú le sonraí pearsanta a phróiseáil ó chuntais ríomhphoist phearsanta ina bhunús dleathach bailí sna himthosca seo. Ina theannta sin, chun go mbeidh toiliú bailí, ní mór é a bheith tugtha faoi shaoirse agus ní mór é a bheith sonrach, feasach agus gan athbhrí. An spleáchas ar chonradh fostaíochta a shíniú chun toiliú leis an bpróiseáil a léiriú, ní chomhlíonann sé na critéir is gá chun leas a bhaint as an mbunús dleathach sin don phróiseáil.

Chinn an Coimisiún gur sháraigh an eagraíocht na cearta cosanta sonraí atá ag na daoine aonair faoi Airteagal 5(1)(a), (b) agus (f) RGCS. Is leis na prionsabail seo a leanas a bhaineann na hAirteagail sin: dlíthiúlacht; cothroime agus trédhearcacht; teorannú de réir cuspóra; agus sláine agus rúndacht. Sáraíodh a gcearta cosanta sonraí freisin nuair a fuarthas rochtain ar chuntas ríomhphoist pearsanta an duine aonair agus nuair a amharcadh ar an gcuntas sin, agus é sin contrártha d'Airteagal 32(1) agus 32(2) RGCS.

Chuir an eagraíocht roinnt beart slándála chun feidhme chun a chinntiú nach dtarlódh teagmhas den sórt seo arís. Áiríodh leis na bearta sin oiliúint a chur ar an bhfoireann ar RGCS agus ar úsáid TF, Idirlín agus ríomhphoist, lenar áiríodh próisis logála isteach ríomhaire.

## AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::

Maidir le fógraí príobháideachta agus le conarthaí fostaíochta ina luaitear go bhféadfaidh go mbeidh trealamh gnó faoi réir faireacháin chun críocha gnó, ba cheart do rialaitheoirí sonraí a thuiscint nach dtugtar le doiciméadacht den sórt sin toiliú uileghabhálach dóibh próiseáil a dhéanamh ar aon sonraí pearsanta de chuid fostaí a aimsítear ar threalamh gnó.

# Sonraí sláinte ceirde a phróiseáil

Chuir duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin tar éis do shaoráid liachta a shonraí liachta a nochtadh dá fhostóir. D'fhreastail an duine aonair ar an tsaoráid liachta ar iarraidh a fhostóra, mar gheall ar é a bheith as láthair ón obair le fada ar shaoire bhreoiteachta. Le linn an chomhairliúcháin ag an tsaoráid liachta, fiafraíodh den duine aonair faoina stair liachta, rud nach raibh aon bhaint dhíreach aige lena bhreoiteacht reatha. Thug an tsaoráid liachta cóip iomlán dá nótaí comhairliúcháin d'fhostóir an duine aonair. Áiríodh leo sin sonraí liachta stairiúla an duine aonair.

I gcomhfhreagras leis an gCoimisiún, chuir an tsaoráid liachta in iúl go raibh sé mar ghnáthchleachtas aici sonraí liachta a chomhroinnt idir gairmithe liachta. Mar sin féin, níor cheart ach an t-íosmhéid sonraí atá riachtanach a chomhroinnt le rannóg acmhainní daonna aon duine aonair, á chur in iúl cé acu atá nó nach bhfuil an fostaí feidhmiúil chun obair. Sa chás seo, chomhroinn an tsaoráid liachta sonraí liachta iomlána an duine aonair le haltra cleachtóra an fhostóra, ar gairmí liachta é. Rinne sí tuilleadh próiseála ar na sonraí sin freisin trí na sonraí liachta iomlána a chomhroinnt leis an rannóg acmhainní daonna.

Luaigh an tsaoráid liachta freisin gur nochtadh an tuairisc liachta iomlán go mícheart do rannóg acmhainní daonna an duine aonair. Thug sí le fios gur tharla sé, tar éis glao teileafóin le fostóir an duine aonair, gur iarr bainisteoir laistigh den rannóg acmhainní daonna cóip den tuairisc liachta inar mionsonraíodh feidhmiúlacht an duine aonair chun obair. Luaigh an tsaoráid liachta gur ghlac sí leis, agus dul amú uirthi, gur thoiligh an duine aonair leis an iarraidh sin. Dá réir sin, thug sí na sonraí liachta iomlána don rannóg acmhainní daonna ina dhiaidh sin.

Faoi Airteagal 9 RGCS, meastar gur "catagóir speisialta sonraí pearsanta" iad sonraí liachta, nó sonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte. Tá sonraí den sórt sin faoi réir rialacha sonracha, mar gheall ar iad a bheith de chineál fíor-íogair agus mar gheall ar an riosca ar leith a chruthófaí do chearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí dá bpróiseálfaí iad. Ní ceadmhach sonraí liachta a phróiseáil ach amháin i gcásanna áirithe, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) RGCS, i gcomhar le hAirteagal 6 RGCS. Ina theannta sin, baineann Airteagal 5(1)(f) RGCS le prionsabal na sláine agus na rúndachta a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Áirítear leis sin cosaint ar phróiseáil neamhdhleathach. Sa chás seo, d'inis an tsaoráid liachta don Choimisiún nár chuir sí in iúl don duine aonair tráth an chomhairliúcháin go ndéanfaí tuilleadh próiseála ar a shonraí liachta ná go nochtfaí iad dá fhostóir.

Ós rud é gur mhainnigh an tsaoráid liachta bunús dleathach a thaispeáint don phróiseáil, chinn an Coimisiún go raibh an phróiseáil neamhdhleathach agus nach raibh sí i gcomhréir le ceanglais RGCS.

Tar éis an gearán cosanta sonraí a chur i gcrích, rinne an Coimisiún tuilleadh caidrimh leis an tsaoráid liachta i ndáil lena cuid cleachtas agus beartas cosanta sonraí.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Ní mór do rialaitheoirí sonraí a bheith in ann bunús dleathach don phróiseáil a thaispeáint i ngach cás, go háirithe in imthosca inarb ionann na sonraí pearsanta agus sonraí catagóire speisialta, a bhfuil cosaintí breise acu faoi Airteagal 9 RGCS.

# An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

# Iarraidh Rochtana faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí – Cearta agus Srianta

Faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, a trasuíodh i ndlí na hÉireann le Codanna 5 agus 6 (ailt 69 go 104) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an tAcht), féadfar srianta a chur ar an gceart atá ag duine aonair rochtain a fháil ar thaifid ina bhfuil sonraí pearsanta.

D'iarr duine aonair na sonraí pearsanta uile a bhí á bpróiseáil ag an nGarda Síochána faoi féin. Sa fhreagra uaidh don duine aonair, sholáthair an Garda Síochána roinnt doiciméadachta ina raibh sonraí pearsanta. Sa fhreagra sin, thug an Garda Síochána le fios go raibh doiciméid áirithe á n-eisiúint i bhformáid fholaithe agus go raibh doiciméid eile á gcoimeád siar ina n-iomláine. Ba iad na díolúintí a raibh an Garda Síochána ag brath orthu ná ailt 91(7) agus 94(3)(a) den Acht. Tagraítear in alt 91(7) do shonraí ina bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le duine aonair eile agus lena ndéanfaí, nó lena bhféadfaí, céannacht an duine aonair a nochtadh. Baineann alt 94(3)(a) le sonraí lena ndéanfaí dochar do chionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó do phionóis choiriúla a fhorghníomhú.

Toisc nach raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra a fuair sé ón nGarda Síochána, rinne sé gearán leis an gCoimisiún. Tar éis an gearán a fháil, shainaithin an Coimisiún gur leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, agus ní le RGCS, a bhain an gearán. Mar chuid den scrúdú a rinne an Coimisiún ar an ngearán, d'iarr sé ar an nGarda Síochána tuilleadh mionsonraí a thabhairt faoina spleáchas ar dhíolúintí chun sonraí pearsanta a choimeád siar mar fhreagra ar an iarraidh rochtana. Tar éis dó na mionsonraí breise a iarradh a fháil ón nGarda Síochána, d'iarr an Coimisiún amharc ar na sonraí pearsanta uile a folaíodh agus a coimeádadh siar, agus d'fhreastail sé ar oifig an Gharda Síochána chun déanamh amhlaidh.

Tugadh cuairt ar an láthair, ar lena linn a scrúdaigh an Coimisiún na doiciméid a bhí i gceist. Le linn na cuairte sin, rinne an Coimisiún caidreamh leis an nGarda Síochána chun soiléiriú a lorg ar na díolúintí a bhí á gcur i bhfeidhm i leith na ndoiciméad a bhí á bhfolú agus a bhí á gcoimeád siar ina n-iomláine. Tar éis an chaidrimh sin, sainaithníodh sonraí pearsanta breise lena n-eisiúint. Mar thoradh ar an gcuairt sin, fuair an duine aonair a shonraí pearsanta, agus ghnóthaigh an Garda Síochána tuiscint níos fearr ar conas is féidir na díolúintí a chur i bhfeidhm.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Trí amharc ar an doiciméadacht ag oifigí an Gharda Síochána, bhí an Coimisiún in ann caidreamh díreach a dhéanamh leis an nGarda Síochána maidir leis an leas a bhí á bhaint aige as díolúintí. Agus é ag cur ceangal ar an nGarda Síochána a bheith níos críochnúla le linn dó measúnú a dhéanamh ar dhíolúintí den sórt sin, chuir an Coimisiún ar chumas an duine aonair rochtain a fháil ar shonraí pearsanta breise – cé go raibh siad folaithe go dlisteanach – de réir Acht 2018.

# An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad

# Torthaí innill cuardaigh do chéadainm agus sloinne duine aonair

Rinne duine aonair teagmháil le cuideachta innill cuardaigh chun a iarraidh go mbainfeadh roinnt suíomhanna Gréasáin ailt ina raibh a ainm féin, toisc gur chreid sé nach raibh na hailt sin ábhartha dá shaol ná dá imthosca a thuilleadh. Sa fhreagra uaithi, chuir an eagraíocht innill cuardaigh in iúl don duine aonair nár chomhlíon na hiarrataí uaidh na critéir le haghaidh na hailt a bhaint. Ní raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra sin, agus rinne sé gearán leis an gCoimisiún.

Chuir an Coimisiún tús lena scrúdú ar an ngearán trína fhiafraí den chuideachta cén fáth ar chreid sí nach raibh feidhm ag cearta an duine aonair faoi Airteagal 17 RGCS maidir leis an iarraidh uaidh. Sa fhreagra uaithi, dúirt an chuideachta gurbh é an tuiscint a bhí aici ná gurbh iad naisc chuig ailt a thagann as ainm iomlán an duine aonair a chuardach na haon ailt amháin a cháilíonn dá mbreithniú nuair a dhéantar iarrataí faoi Airteagal 17 RGCS. I bhfocail eile, scarfaidh an t-inneall cuardaigh an chuma uathoibríoch atá ar na URLanna sin nuair a chuardaítear ainm iomlán an duine aonair ina liosta torthaí. Mar sin féin, beidh na hailt bhunaidh le feiceáil ar líne go fóill ar na suíomhanna Gréasáin ar ar postáladh iad.

Nuair a rinne an duine aonair an iarraidh uaidh chuig an gcuideachta, liostaigh sé sraith URLanna ina raibh a ainm iomlán (céadainm agus sloinne). Nuair a chuardaigh an eagraíocht ainm iomlán an duine aonair, áfach, ní raibh na URLanna ar shonraigh sé iad le feiceáil sa liosta torthaí. D'fhág sé sin nár tháinig siad faoi raon feidhme Airteagal 17 RGCS. Nuair a chuardaigh sé féin ainm iomlán an duine aonair, ní fhaca an Coimisiún na URLanna a bhí i gceist ach oiread. Mar sin, chinn an Coimisiún nach raibh feidhm ag an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad faoi Airteagal 17 RGCS sa chás seo.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Ní dearbhcheart é an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad; ní bhaineann sé ach le torthaí innill cuardaigh, agus ní bhaineann sé ar chor ar bith leis na naisc a sholáthraítear i dtorthaí innill cuardaigh. Ní chumhdaíonn sé na torthaí atá ar gach cuardach Idirlín, agus ní mór roinnt príomhthosca ar leith a bheith i gceist chun go mbeidh iarrataí díliostaithe bailí.

De réir treoirlínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (treoirlínte 5/2019), má fhaigheann duine aonair ó sholáthraí seirbhíse Idirlín díliostú aon inneachair ar leith óna inneall cuardaigh, *"scriosfar an t-inneachar ar leith sin ón liosta torthaí cuardaigh a bhaineann leis an duine aonair i gcás go mbeidh an cuardach, mar phríomhriail, bunaithe ar a ainm nó ar a hainm. Beidh an t-inneachar sin ar fáil fós má úsáidtear critéir cuardaigh eile, áfach".*

# Gearáin Trasteorann

# Gearán Trasteorann maidir le hIarraidh Rochtana chuig Ardán Mór Meán Sóisialta

Fuair an Coimisiún gearán tríd an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail i ndáil le hiarraidh rochtana a rinneadh chuig ardán mór meán sóisialta (Rialaitheoir Sonraí) de bhun Airteagal 15 RGCS.

Thug an duine aonair faoi deara gur chosúil gur haiceáladh a chuntas leis an Rialaitheoir Sonraí agus gur dhíchumasaigh an Rialaitheoir Sonraí an cuntas ina dhiaidh sin. Rinne an duine aonair iarraidh rochtana chuig an Rialaitheoir Sonraí chun cóip a fháil dá shonraí. Threoraigh an Rialaitheoir Sonraí an duine aonair chuig tacar uirlisí féinseirbhíse inar leagadh amach conas a shonraí a rochtain agus a íoslódáil.

Ní raibh an duine aonair in ann leas a bhaint as na huirlisí féinseirbhíse sin, áfach, mar gheall ar an srian a cuireadh ar a chuntas. Tar éis an tsaincheist seo a tharraingt anuas leis an Rialaitheoir Sonraí, fuair an duine aonair tuilleadh comhfhreagrais ón Rialaitheoir Sonraí á mhíniú gurbh amhlaidh, ar chúiseanna slándála, nach raibh sé in ann an cuntas a chur ar ais ná cóip de na sonraí a sholáthar. D'inis an Rialaitheoir Sonraí dó freisin gur mheas sé an cás a bheith dúnta.

Tar éis an gearán a fháil, chuir an Coimisiún tús le scrúdú ar an ngearán i gcomhar leis an Rialaitheoir Sonraí de bhun alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí. Mar fhreagra ar an scrúdú sin, tharchuir an Rialaitheoir Sonraí an cuntas chuig a fhoireann inmheánach le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe. Dheimhnigh an fhoireann sin go raibh an chuma ar an scéal gur cuireadh an cuntas i gcontúirt agus gur díchumasaíodh an cuntas mar thoradh ar ghníomhaíocht a tharla ar an gcuntas le linn na tréimhse ina raibh sé i gcontúirt. Dá réir sin, d'aontaigh an Rialaitheoir Sonraí díchumasú chuntas an duine aonair a chealú agus cabhrú leis an duine aonair rochtain a athghnóthú. A luaithe a d'athghnóthaigh an duine aonair rochtain iomlán ar a chuntas, d'inis an Rialaitheoir Sonraí dó conas a d'fhéadfadh sé na huirlisí féinseirbhíse a rochtain chun teacht ar chóip dá shonraí agus iad a íoslódáil dá mba mhian leis é sin a dhéanamh go fóill.

I bhfianaise na ngníomhartha thuas, dheimhnigh an t-ábhar sonraí don Choimisiún ansin gur mheas sé an gearán uaidh a bheith réitithe.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Léirítear sa chás seo an gá atá lena chinntiú go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm ionas gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú. Léirítear ann freisin nach bhfuil sé cuí i ngach cás daoine aonair a threorú chuig uirlisí féinseirbhíse mar fhreagra réamhshocraithe ar iarraidh rochtana ionas gur féidir leo a gcearta a fheidhmiú. Is fíor sin go háirithe i gcás nach bhfuil duine aonair in ann leas a bhaint as na huirlisí féinseirbhíse ar aon chúis, mar shampla i gcás gur haiceáil tríú páirtí cuntas agus gur chuir an rialaitheoir srian ar an gcuntas dá dheasca sin.

# Gearán Trasteorann maidir le hIarraidh Díliostaithe

Fuair an Coimisiún gearán tríd an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail i ndáil le hiarraidh díliostaithe a rinneadh chuig cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta mhór (Rialaitheoir Sonraí) faoin "gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad" de bhun Airteagal 17 RGCS.

Rinne an duine aonair teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí á iarraidh go ndéanfaí roinnt URLanna a dhíliostú. Rinneadh cur síos in inneachar na URLanna sin ar na heachtraí a thit amach i scoil ar a raibh an duine aonair ina phríomhoide. Mhínigh an duine aonair nach pearsa phoiblí é agus nach raibh sé ina phríomhoide ar an scoil lena mbaineann a thuilleadh. Mhaígh an duine aonair gur mhícheart a bhí roinnt mhaith de na 'fíorais' a luadh san alt. Tagraíodh san alt freisin do shonraí áirithe catagóire speisialta a bhaineann leis an duine aonair, ar shonraí iad a mhaígh an duine aonair a bheith mícheart freisin. Luaigh an duine aonair nach bhfuair sé aon fhreagra ón Rialaitheoir Sonraí, agus chuir sé gearán isteach.

Tar éis an gearán a fháil, chuir an Coimisiún tús le scrúdú ar an ngearán i gcomhar leis an Rialaitheoir Sonraí de bhun alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí. Mar fhreagra ar scrúdú an Choimisiúin, mhínigh an Rialaitheoir Sonraí nach raibh sé in ann, tar éis imscrúdú fairsing a dhéanamh, aon taifead ar an iarraidh díliostaithe ón duine aonair a aimsiú. Dhearbhaigh an Rialaitheoir Sonraí nár dhiúltaigh sé don iarraidh díliostaithe; ina ionad sin, ní raibh sé ar an eolas faoin iarraidh roimh an idirghabháil ón gCoimisiún.

De bhun scrúdú an Choimisiúin, rinne an Rialaitheoir Sonraí measúnú substainteach ar an iarraidh ón duine aonair. Cé go raibh sé cinnte go raibh na URLanna a ndearnadh gearán fúthu neamh-incháilithe dá ndíliostú ar roinnt cúiseanna (e.g., toisc nach raibh iontu aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine aonair, agus toisc nach bhfuarthas aon torthaí sna leaganacha dá inneall cuardaigh sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (ná sa Ríocht Aontaithe) nuair a cuardaíodh na hainmneacha a tugadh), chinn an Rialaitheoir Sonraí go bhféadfadh roinnt URLanna eile a bheith incháilithe dá ndíliostú, faoi réir soiléirithe breise a fháil ón duine aonair maidir le hinneachar na URLanna sin.

Chuaigh an Rialaitheoir Sonraí i dteagmháil leis an duine aonair go díreach, agus é ag tabhairt breac-chuntas ar thorthaí an mheasúnaithe a rinne sé agus ag rá go dteastódh tuilleadh faisnéise uaidh chun cinneadh deiridh a dhéanamh ar an iarraidh díliostaithe. Lean an Rialaitheoir Sonraí le caidreamh a dhéanamh leis an duine aonair ina leith sin, agus scríobh an duine aonair chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin chun a dheimhniú go bhfuil na URLanna a ndearnadh gearán fúthu díliostaithe chun a shástachta anois agus go bhfuil an ní réitithe.

**AN PRÍOMHTHÁTAL ATÁ LE BAINT::**

Is gá cuid mhór gnéithe a bhreithniú le linn measúnú a dhéanamh ar iarraidh díliostaithe faoin "gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad" de bhun Airteagal 17 RGCS. Ní mór don rialaitheoir sonraí tástáil cothromúcháin a dhéanamh chun a shuí cé acu is mó leas an phobail i rochtain a fháil ar an bhfaisnéis lena mbaineann ná an ceart atá ag an duine aonair go ndéanfaí an fhaisnéis sin a léirscriosadh, agus aird á tabhairt ar na tosca ábhartha uile a chuirtear i láthair sa chás lena mbaineann. Sa ghearán ar leith seo, rinne an Rialaitheoir Sonraí measúnú cuimsitheach tar éis na hidirghabhála ón gCoimisiún. Mar thoradh ar an measúnú sin, bhí sé in ann an gearán a réiteach chun sástacht an duine aonair.

# Nótaí

# Nótaí